

# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta \*

13 Aibreán 2021



An t-eagrán Gaeilge

## Reachtaíocht

Clár

### II Gníomhartha neamhrechtacha

#### RIALACHÁIN

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/587 ón gComhairle an 12 Aibreán 2021 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 maidir le bearta sriantacha atá dírithe i gcoinne daoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin ..... 1
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/588 ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2021 lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht ainm a iontráladh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint, is é sin “Stelvio”/“Stilfser” (STFC) ..... 11
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/589 ón gCoimisiún an 9 Aibreán 2021 lena leasaítear den 320ú huair Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe i gcoinne daoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIL (Da’esh) agus Al-Qaida ..... 13
- ★ Rialachán (AE) 2021/590 ón gCoimisiún an 12 Aibreán 2021 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar maidir le haclóinifein, boscailid, bainne bó, eatafeanprocs, pireafosfáit fheireach, L-cistéin, lambda-ciahalaitrin, hidraisíd mhailéach, meifeintriofluconazol, sóidiam 5-nítreaquacoláite, sóidiam o-nítrifeanóláite, sóidiam p-nítrifeanóláite agus tríchlóipir i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe <sup>(1)</sup> ..... 15
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/591 ón gCoimisiún an 12 Aibreán 2021 lena gcláraítear ainm sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint (“Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim” (PDO)) ..... 42

#### CINNÍ

- ★ Cinneadh (AE) 2021/592 ón gComhairle an 7 Aibreán 2021 maidir le togra a thíolacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, chun clóirpíreafos a liostú in Iarscríbhinn A a ghabhann le Coinbhinsiún Stóicólm ar Thruaileáin Orgánacha Mharthanacha ..... 52

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

- ★ Cinneadh (AE) 2021/593 ón gComhairle an 9 Aibreán 2021 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Eorpach um ullmhú caighdeán i réimse na loingseoireachta intíre agus sa Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin maidir le caighdeán a ghlacadh i ndáil le seirbhísí faisnéise tráchta abhann comhchuibhithe ..... 54
  
- ★ Cinneadh (AE) 2021/594 ón gComhairle an 9 Aibreán 2021 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Eorpach um ullmhú caighdeán i réimse na loingseoireachta intíre agus sa Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin maidir le caighdeán a ghlacadh i ndáil le cáilíochtaí gairmiúla i réimse na loingseoireachta intíre ..... 56
  
- ★ Cinneadh (CBES) 2021/595 ón gComhairle an 12 Aibreán 2021 lena leasaítear Cinneadh 2011/235/CBES maidir le bearta sriantacha atá dírithe i gcoinne daoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin ..... 58

## II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

## RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/587 ÓN gCOMHAIRLE

an 12 Aibreán 2021

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 maidir le bearta sriantacha atá dírithe i gcoinne daoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle an 12 Aibreán 2011 maidir le bearta sriantacha i gcoinne daoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 12(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 12 Aibreán 2011, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 359/2011.
- (2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle <sup>(2)</sup>, chinn an Chomhairle gur cheart na bearta sriantacha a leagtar amach ann a athnuachan go dtí an 13 Aibreán 2022.
- (3) Tá duine amháin a ainmnítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 éagtha, agus ba cheart a iontráil siúd a bhaint den Iarscríbhinn sin. Chinn an Chomhairle freisin gur cheart na hiontrálacha a bhaineann le 34 duine agus le heintiteas amháin in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 a nuashonrú.
- (4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

<sup>(1)</sup> IO L 100, 14.4.2011, lch. 1

<sup>(2)</sup> Cinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle an 12 Aibreán 2011 maidir le bearta sriantacha atá dírithe i gcoinne daoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin (IO L 100, 14.4.2011, lch. 51).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Aibreán 2021.

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
A. P. ZACARIAS

---

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 (“Liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1)”) mar a leanas:

- (1) scriostar iontráil 16 (maidir le HADDAD Hassan (dá ngairtear Hassan ZAREH DEHNAVI freisin) sa liosta dar teideal “Daoine”;
- (2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na n-iontrálacha a bhaineann leis an 34 duine agus leis an eintiteas amháin seo a leanas:

## Daoine

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
“1.	AHMADI- MOQADDAM Esmail	Áit bhreithe: Tehran (an Iaráin) Dáta breithe: 1961 Inscne: fireann	Iar-Chomhairleoir Sinsearach Gnóthaí Slándála do Cheannaire Armed Forces General Staff. Ceannaire Phóilíní Náisiúnta na hIaráine ó 2005 go dtí go luath in 2015. Chomh maith leis sin, bhí sé ina Cheannaire ar Chibearphóilíní na hIaráine (liostaithe) ó mhí Eanáir 2011 go dtí go luath in 2015. Bhí fórsaí faoina cheannas chun tosaigh in ionsaithe brúidiúla a rinneadh ar agóidí síochánta, chomh maith le hionsaí foréigneach istoíche ar shuanliosanna Ollscoil Tehran an 15 Meitheamh 2009. Iarcheannaire ar Cheanncheathrú na hIaráine ag tacú le Muintir Éimin.	12.4.2011
4.	FAZLI Ali	Inscne: fireann Teideal: Briogáidire-Ghinearál	Iarcheannaire Imam Hossein Cadet College (ó 2018 go dtí mí an Mheithimh 2020). Iar-leas-Cheannasaí Basij (2009-2018), Ceann Seyyed al-Shohada Corps de chuid IRGC, Cúige Tehran (go dtí mí Feabhra 2010). Tá Seyyed al-Shohada Corps i gceannas ar shlándáil i gCúige Tehran agus bhí ról lárnach aige sa chur faoi chois brúidiúil a rinneadh ar agóideoirí in 2009.	12.4.2011
8.	MOTLAGH Bahram Hosseini	Inscne: fireann	Ball d'fhoireann teagaisc Ollscoil Imam Hossein (Caomhnóirí na Réabhlóide). Iarcheannaire ar Army Command and General Staff College (DAFOOS). Iar-Cheann Seyyed al-Shohada Corps de chuid IRGC, Cúige Tehran. Bhí ról tábhachtach ag Seyyed al-Shohada Corps maidir leis an gcur faoi chois a rinneadh ar na hagóidí in 2009 a eagrú.	12.4.2011
11.	RAJABZADEH Azizollah	Inscne: fireann	Ceannasaí Urban Order Headquarters ó 2014 i leith. Iar-Cheann Tehran Disaster Mitigation Organisation (2010-2013). Mar Cheann phóilíní Tehran go dtí mí Eanáir 2010, bhí sé freagrach as ionsaithe foréigneacha póilíní ar agóideoirí agus ar mhic léinn. Mar Cheannasaí Law Enforcement Forces in the Greater Tehran, ba é an t-ardoifigeach ba thábhachtaí a cuisíodh i gcás mí-úsáidí in Kahrizak Detention Centre i mí na Nollag 2009.	12.4.2011
15.	DORRI-NADJAFABADI Ghorban-Ali	Áit bhreithe: Najafabad (an Iaráin) Dáta breithe: 3.12.1950 Inscne: fireann	Comhalta de Assembly of Experts agus ionadaí an Supreme Leader i gCúige Markazi (“Central”) agus Ceann an Supreme Administrative Court. Ionchúisitheoir Ginearálta na hIaráine go dtí mí Mheán Fómhair 2009, chomh maith le hiar-Aire Faisnéise faoi Uachtaránacht Khatami. Mar Ionchúisitheoir Ginearálta na hIaráine, d’ordaigh sé agus rinne sé maoirsiú ar na seóthrialacha tar éis na chéad agóidí i ndiaidh an toghcháin, inar diúltaíodh cearta agus rochtain ar aturnae do na cúisithe.	12.4.2011

19.	JAFARI- DOLATABADI Abbas	Áit bhreithe: Yazd (an Iaráin) Dáta breithe: 1953 Inscne: fireann	Comhairleoir do Supreme Disciplinary Court na mbreithiúna ó 29 Aibreán 2019. Iar-Ionchúisitheoir Ginearálta Tehran (mí Lúnasa 2009-mí Aibreáin 2019). Chúisigh oifig Dolatabadi líon mór agóideoirí, lena n-áirítear daoine a ghlac páirt in agóidí Lá Ashura i mí na Nollag 2009. D'ordaigh sé go ndúnfaí oifig Karroubi i mí Mheán Fómhair 2009 agus go ngabhfaí roinnt polaiteoirí leasaitheacha, agus chuir sé cosc ar dhá pháirtípholaitiúla leasaitheacha i mí an Mheithimh 2010. Rinne a oifig agóideoirí a chúiseamh i leith 'Muharebeh', nó naimhdeas i gcoinne Dé, lena ngabhann pionós an bháis, agus dhiúltaigh sé próis chuí dóibh siúd a raibh pionós á bhagairt orthu. Chomh maith leis sin, dhírigh a oifig ar leasaitheoirí, ar ghníomhaithe ar son chearta an duine, agus ar bhaill na meán, mar chuid de chniobheartaíocht leathan ar an bhfreasúra polaitiúil.  I mí Dheireadh Fómhair 2018 d'fhógair sé do na meáin go ndéanfaí ceathrar gníomhaithe ar son an chomhshaoil ón Iaráin a coinníodh a chúiseamh i leith 'an t-éilliú a chur chun cinn ar domhan', ar cúiseamh é lena ghabhann pionós an bháis.	12.4.2011
21.	MOHSENI-EJEI Gholam-Hosseini	Áit bhreithe: Ejiyeh (an Iaráin) Dáta breithe: thart ar 1956 Inscne: fireann	Comhalta den Expediency Council. Ionchúisitheoir Ginearálta na hIaráine ó Mheán Fómhair 2009 go dtí 2014. Iar-Leas-Cheann agus urlabhraí na mBreithiúna. Iar-Aire Faisnéise le linn thoghcháin 2009. Fad a bhí sé ina Aire Faisnéise le linn an toghcháin in 2009, bhí gníomhairí faisnéise faoina cheannas freagrach as coinneáil, céasadh agus admhálacha bréagacha faoi bhrú a fháil ó na céadta gníomhaithe, iriseoirí, easaontacha agus polaiteoirí leasaitheacha. Ina theannta sin, cuireadh iallach ar fhigiúirí polaitiúla admhálacha bréagacha a dhéanamh faoi cheistiúcháin dhofhulaingthe lena áiríodh céasadh, mí-úsáid, dúmhál agus bagairt a chur ar a muintir.	12.4.2011
22.	MORTAZAVI Said	Áit bhreithe: Meybod (an Iaráin) Dáta breithe: 1967 Inscne: fireann	Ceann an Chórais Leasa ó 2011 go 2013. Ionchúisitheoir Ginearálta Tehran go dtí mí Lúnasa 2009. Mar Ionchúisitheoir Ginearálta Tehran, d'eisigh sé ordú ginearálta a úsáideadh chun na céadta gníomhaithe, iriseoirí agus mac léinn a choinneáil. I mí Eanáir 2010, cuireadh an fhreagracht dhíreach air, in imscrúdú parlaiminteach, as triúr príosúnach a choinneáil a fuair bás i gcoimeád ina dhiaidh sin. Cuireadh ar fionraí óna oifig é i mí Lúnasa 2010 tar éis imscrúdú ag breithiúna na hIaráine ar an ról a bhí aige maidir le bás an triúr fear a bhí á gcoinneáil ar a orduithe tar éis an toghcháin.  I mí na Samhna 2014, d'aithin údaráis na hIaráine go hoifigiúil an ról a bhí aige i mbás cimí. Fuair cúirt na hIaráine neamhchiontach é an 19 Lúnasa 2015, sna cúisimh a bhain le céasadh agus bás triúr fear óg in Kahrizak Detention Centre in 2009. Daoradh chun príosúin in 2017 agus scaoileadh saor é i Meán Fómhair 2019.	12.4.2011
27.	ZARGAR Ahmad	Inscne: fireann	Breitheamh ag an Supreme Court agus Ceannaire ar Tehran Revolutionary Court. Ceann 'Organization for the Preservation of Morality'. Iar-bhreitheamh ag an dara brainse de Special Economic Corruption Court. Iar-bhreitheamh, Tehran Appeals Court, Brainse 36. Dheimhnigh sé barántais príosúnachta fhadtéarmacha agus barántais bháis i gcoinne agóideoirí.	12.4.2011

33.	ABBASZADEH- MESHKINI, Mahmoud	Inscne: fireann	Feisire Parlaiminte ó mhí Feabhra 2020 i leith. Iar-chomhairleoir do High Council for Human Rights na hIaráine (go dtí 2019). Iar-rúnaí don High Council for Human Rights. Iarghobharnóir i gCúige Ilam. Iarstiúrthóir polaitiúil na hAireachta Gnóthaí Baile. Mar Cheann ar Article 10 Committee of the Law on Activities of Political Parties and Groups, bhí sé i gceannas ar léirsithe agus imeachtaí poiblí eile a údarú agus páirtithe polaitiúla a chlárú. Sa bhliain 2010, chuir sé gníomhaíochtaí dhá pháirtí pholaitiúla leasaitheacha a bhí nasctha le Mousavi – Islamic Iran Participation Front agus Islamic Revolution Mujahedeen Organisation - ar fionraí. Ó 2009 ar aghaidh, tá toirmeasc comhsheasmhach, leanúnach á chur aige ar na cruinnithe neamhrialtasacha go léir, rud a shéanann ceart bunreachtúil chun agóid a dhéanamh agus gabhadh go leor léirsitheoirí síochánta dá bharr sin, de shárú ar an gceart chun saoirse comhthionóil. In 2009, dhiúltaigh sé freisin cead don fhreasúra searmanas a eagrú chun brón a dhéanamh ar dhaoine a maraíodh le linn agóidí de bharr thoghcháin an Uachtaráin.	10.10.2011
34.	AKBARSHAHI Ali-Reza	Inscne: fireann	Iar-Ard-Stiúrthóir Drug Control Headquarters na hIaráine (ar a dtugtar freisin: Anti-Narcotics Headquarters). Iar-Cheannasaí ar Phóilíní Tehran. Faoina cheannaireacht, bhí an fórsa póilíneachta freagrach as fórsa seachbhreithiúnach a úsáid ar amhrastaigh le linn gabhála agus coinneála réamhthrialach. Bhí póilíní Tehran luaite le ruathair ar shuanliosanna ollscoil Tehran i mí an Mheithimh 2009 freisin, tráth a raibh breis agus 100 mac léinn gortaithe ag na póilíní agus Basiji de réir Choimisiún Majlis na hIaráine. Ceann na bpóilíní iarnróid go dtí 2018.	10.10.2011
36.	AVAEE Seyyed Ali-Reza (ar a dtugtar freisin: AVAEE Seyyed Alireza, AVAIE Alireza)	Áit bhreithe: Dezful (an Iaráin) Dáta breithe: 20.5.1956 Inscne: fireann	An tAire Dlí agus Cirt. Iar-Stiúrthóir na hoifige imscrúduithe speisialta. Go dtí Iúil 2016, Leas-Aire Gnóthaí Baile agus Ceann an Chláir Phoiblí. Comhairleoir don Chúirt Araíonachta do Bhreithiúna ó Aibreán 2014. Iar-Uachtarán na mBreithiúna in Tehran. Ina cháil mar Uachtarán na mBreithiúna in Tehran, bhí sé freagrach as sárúithe ar chearta an duine, as gabhála treallacha, as diúltú do chearta na bpríosúnach agus as líon ard básuithe.	10.10.2011
39.	GANJI Mostafa Barzegar	Inscne: fireann	Ard-Stiúrthóir ar Inspection Supervision and Performance Evaluation of Courts ó mhí an Mheithimh 2020. Iar-Ionchúisitheoir Ginearálta Qom (2008-2017) agus iar-cheannaire ar ard-stiúrthóireacht na bpríosún. Bhí sé freagrach as na dosaenacha ciontóirí a choinneáil go treallach agus as drochíde a thabhairt dóibh i Qom. Bhí sé deacair sárú tromchúiseach a dhéanamh ar an gceart chun próise cuí, ag cur le húsáid iomarcach agus mhéadaitheach phionós an bháis agus méadú mór ar líon na ndaoine a cuireadh chun báis in 2009/2010.	10.10.2011
40.	HABIBI Mohammad Reza	Inscne: fireann	Príomh-Bhreitheamh Isfahan. Iar-Ard-Aighne Isfahan. Iar-Cheann Oifig Aireacht Dlí agus Cirt in Yazd. Iar-Leas-Ionchúisitheoir Isfahan. Comhpháirteach in imeachtaí ina ndiúltaítear triail chóir do chosantóirí – amhail Abdollah Fathi, a cuireadh chun báis i mí na Bealtaine 2011 tar éis do Habibi neamhaird a thabhairt ar a cheart chun éisteacht a fháil agus ar shaincheisteanna meabhairshláinte le linn a thrialach i mí an Mhárta 2010. Bhí sé, dá bhí sin, comhpháirteach i sárú tromchúiseach ar an gceart chun próise cuí, ag cur leis an méadú ard básuithe in 2011.	10.10.2011

41.	HEJAZI Mohammad	Áit bhreithe: Isfahan (an Iaráin) Dáta breithe: 1956 Inscne: fireann	Leas-Cheannasaí ar Fhórsa Quds IRGC ó 2020 i leith mar thoradh ar atheagrú an tslabhra ceannais tar éis mharú an Ghinearál Qasem Soleimani. Mar IRGC-General, bhí ról lárnach aige in imeaglú agus i mbagairt a dhéanamh ar 'naimhde' na hIaráine. Iar-Cheann ar IRGC Sarollah Corps IRGC in Tehran agus ina iar-Cheann ar Basij Forces, ról lárnach aige i gcníogbheartaíocht iarthoghcháin na n-agoideoirí in 2009.	10.10.2011
44.	JAZAYERI Massoud	Inscne: fireann Teideal: Briogáidire-Ghinearál	Comhairleoir cultúir do Chomhcheann Foirne Fórsaí Armtha na hIaráine ó mhí Aibreáin 2018 i leith. Mar chuid d'fhoireann chomhpháirteach mhíleata Fhórsaí Armtha na hIaráine, ba é Briogáidire-Ghinearál Massoud Jazayeri an Leas-Cheann Foirne i ngnóthaí cultúrtha agus na meán (ar a dtugtar freisin Ceanncheathrú Poiblíochta agus Cosanta Stáit). Chomhoibrigh sé go gníomhach leis an gcur faoi chois a rinneadh ar agoideoirí in 2009 mar Leas-Cheannaire Foirne. Thug sé rabhadh in agallamh Kayhan gur aithníodh go leor agoideoirí laistigh agus lasmuigh den Iaráin agus go ndéileálfai leo ag an am ceart.  D'iarr sé go hoscailte go gcuirfí deireadh leis na mórmheáin chumarsáide eachtracha agus le freasúra na hIaráine. In 2010, d'iarr sé ar an rialtas dlíthe níos déine a rith i gcoinne mhuintir na hIaráine a chomhoibríonn le foinsí na meán cumarsáide eachtracha.	10.10.2011
45.	JOKAR Mohammad Saleh	Áit bhreithe: Yazd (an Iaráin) Dáta breithe: 1957 Inscne: fireann	Feisire Parlaiminte do Chúige Yazd. Iar-Ionadaí do Ghnóthaí Parlaiminteacha na Revolutionary Guards. Ón mbliain 2011 go 2016, bhí sé ina ionadaí parlaiminteach le haghaidh Cúige Yazd agus ina Chomhalta den Choiste Parlaiminteach um Shlándaíl Náisiúnta agus Beartas Eachtrach. Iar-Cheannasaí ar Student Basij Forces. Sa ról sin, ghlac sé páirt ghníomhach i gcur faoi chois agóidí agus síolteagasc leanaí agus daoine óga d'fhonn leanúint den tsaoirse cainte agus den easaontú a chloí. Mar Chomhalta den Choiste Parlaiminteach um Shlándaíl Náisiúnta agus Beartas Eachtrach, thacaigh sé go poiblí le cur in aghaidh an rialtais a chur faoi chois.	10.10.2011
46.	KAMALIAN Behrouz (dá ngairtear Hackers Brain, Behrooz_Ice freisin)	Áit bhreithe: Tehran (an Iaráin) Dáta breithe: 1983 Inscne: fireann	Ceannaire ar an gcibearghrúpa 'Ashiyaneh' a bhfuil nasc aige le réimeas na hIaráine. Tá 'Ashiyaneh' Digital Security', arna bhunú ag Behrouz Kamalian, freagrach as dian-chibirionsaithe ar an lucht freasúra intíre, ar leasaitheoirí intíre agus ar institiúidí eachtracha. Chuidigh obair 'Ashiyaneh' (eagraíocht Kamalian) le cniogbheartaíocht an réimis i gcoinne an fhreasúra a raibh go leor sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine i gceist léi in 2009. Lean Kamalian agus an cibearghrúpa 'Ashiyaneh' dá gcuid gníomhaíochtaí go dtí Eanáir 2020 ar a laghad.	10.10.2011
47.	KHALILOLLAHI Moussa (dá ngairtear KHALILOLLAHI Mousa, ELAHI Mousa Khalil freisin)	Áit bhreithe: Tabriz (an Iaráin) Dáta breithe: 1963 Inscne: fireann	Ionchúisitheoir Tabriz ó 2010 go 2019. Bhí baint aige le cás Sakineh Mohammadi-Ashtiani agus bhí sé comhpháirteach i sárúithe tromchúiseacha ar an gceart chun próise cuí.	10.10.2011



48.	MAHSOULI Sadeq (dá ngairtear MAHSULI Sadeq freisin)	Áit bhreithe: Oroumieh (an Iaráin) Dáta breithe: 1959/1960 Inscne: fireann	Leas-Ardrúnaí an Paydari Front (Front of Islamic Stability). Iar-Chomhairleoir don Iar-Uachtarán Mahmoud Ahmadinejad, iar-chomhalta den Expediency Council agus iar-Leas-Cheann an Perseverance Front. An tAire Leasa agus Slándála Sóisialta idir 2009 agus 2011. An tAire Gnóthaí Baile go dtí mí Lúnasa 2009. Mar Aire Gnóthaí Baile, bhí údarás ag Mahsouli ar na fórsaí póilíneachta, ar ghníomhairí slándála na haireachta inmheánaí agus ar na gníomhairí i ngnáthéadaí. Bhí na fórsaí a bhí faoina stiúir freagrach as ionsaithe ar shuanliosanna in Ollscoil Tehran an 14 Meitheamh 2009 agus céasadh mac léinn in íoslach na hAireachta (leibhéal 4 den íoslach iomráiteach). Rinneadh mí-úsáid thromchúiseach ar agóideoirí eile in Ionad Coinneála Kahrizak, a bhí á fheidhniú ag póilíní faoi rialú Mahsouli.	10.10.2011
53.	TALA Hossein (dá ngairtear TALA Hosseyn freisin)	Áit bhreithe: Tehran (an Iaráin) Dáta breithe: 1969 Inscne: fireann	Méara Eslamshahr. Iar-MP san Iaráin. Iar-Ard-Ghobharnóir ('Farmandar') i gCúige Tehran go dtí mí Mheán Fómhair 2010, bhí sé freagrach as gníomhú na bhfórsaí póilíneachta agus dá bhrí sin as léirsithe a chur faoi chois. Fuair sé duais i mí na Nollag 2010 mar gheall ar a ról sa chur faoi chois tar éis an toghcháin.	10.10.2011
54.	TAMADDON Morteza (dá ngairtear TAMADON Morteza freisin)	Áit bhreithe: Shahr Kord-Isfahan (an Iaráin) Dáta breithe: 1959 Inscne: fireann	Iar-Cheann ar Tehran provincial Public Security Council. Iar-Ard-Ghobharnóir IRGC i gCúige Tehran. Ina cháil mar Ghobharnóir agus mar Cheannaire ar Tehran provincial Public Security Council, bhí sé freagrach go foriomlán as na gníomhaíochtaí diansmachtúla go léir a rinne IRGC i gCúige Tehran, lena n-áirítear cniogbheartaíocht a dhéanamh ar agóidí polaitiúla ó mhí an Mheithimh 2009 i leith. Comhalta boird faoi láthair in Ollscoil Teicneolaíochta Khajeh Nasireddin Tusi.	10.10.2011
60.	HOSSEINI Dr Mohammad (dá ngairtear HOSSEYNI, Dr Seyyed Mohammad; Seyed, Sayyed agus Sayyid freisin)	Áit bhreithe: Rafsanjan, Kerman (an Iaráin) Dáta breithe: 23.7.1961 Inscne: fireann	Comhairleoir don Iar-Uachtarán Mahmoud Ahmadinejad agus urlabhraí don fhaicsean docht polaitiúil YEKTA. An tAire Cultúir agus Treoraíochta Ioslamaí (2009-2013). Iar-bhall den IRGC, bhí sé comhpháirteach i gcur faoi chois iriseoirí.	10.10.2011
63.	TAGHIPOUR Reza	Áit bhreithe: Maragheh (an Iaráin) Dáta breithe: 1957 Inscne: fireann	Comhalta de 11ú parlaimint na hIaráine (toghcheantar Tehran). Comhalta den Supreme Cyberspace Council. Iar-chomhalta Chomhairle Cathrach Teheran. Iar-Aire Faisnéise agus Cumarsáide (2009-2012).  Ina cháil mar Aire Faisnéise, bhí sé ar dhuine de na hoifigigh ba shinsearaí a bhí i gceannas ar an gcinsireacht agus ar ghníomhaíochtaí idirlín agus ar gach cineál cumarsáide a rialú (go háirithe fóin phóca). Baineann na ceistitheoirí úsáid as sonraí pearsanta, post agus cumarsáid na gcoinneálaithe agus na gcoinneálaithe polaitiúla á gceistiú. Cuireadh bac ar línte móibíleacha agus teachtaireachtaí téacs, cuireadh isteach ar chainéil teilifíse satailíte agus cuireadh an t-idirlíon ar fionraí go háitiúil nó cuireadh moill air ar a laghad ar bith roinnt uaireanta le linn léirsithe sráide tar éis thoghchán uachtaránachta 2009.	23.3.2012

65.	LARIJANI Sadeq	Áit bhreithe: Najaf (an Iaráic) Dáta breithe: 1960 nó mí Lúnasa 1961 Inscne: fireann	Ainmnithe ina Cheann ar an Expediency Council an 29 Nollaig 2018. Iar-Cheann na mBreithiúna (2009-2019. Ceanglaítear ar Cheann na mBreithiúna toiliú a thabhairt do gach pionós qisas (cúiteamh), hodoud (coireanna i gcoinne Dé) agus ta'zirat (coireanna i gcoinne an stáit) agus iad a fhaomhadh. Áirítear leis sin pianbhreitheanna lena ngearrtar pionós an bháis, lascadh agus teascadh. I ndáil leis sin, tá séala curtha aige le roinnt pianbhreitheanna phionós an bháis, rud a sháraíonn caighdeáin idirnáisiúnta, lena n-áirítear bású le clocha, bású trí thachtadh (crochadh), ógánaigh a chur chun báis, agus básuithe poiblí amhail bású príosúnach a crochadh de dhroichid os comhair na mílte. Bhí baint aige, dá bhrí sin, le líon mór básuithe. Ina theannta sin, cheadaigh sé pianbhreitheanna pionóis coirp amhail teascadh agus aigéad a shileadh isteach i súile an duine a chiontaítear. Ó tháinig Sadeq Larijani i réim, tá méadú suntasach tagtha ar líon na bpríosúnach polaitiúil, na gcosantóirí ar chearta an duine agus na ndaoine ó mhionlaigh a bheith á ngabháil go treallach. Tá Sadeq Larijani freagrach as teipeanna sistéamacha i bpróiseas breithiúnach na hIaráine i ndáil leis an gceart chun triail chóir a fháil.	23.3.2012
66.	MIRHEJAZI Ali	Inscne: fireann	Ar dhuine de chiorcal inmheánach an Cheannaire Uachtaraigh, ar dhuine de na daoine a bhí freagrach as cur faoi chois agóidí a phleanáil, rud atá á chur chun feidhme ó 2009 agus baint aige leo siúd atá freagrach as agóidí a chur faoi chois.  Bhí sé freagrach freisin as cosc a chur le corraíl phoiblí i mí na Nollag 2017/2018 agus i mí na Samhna 2019.	23.3.2012
67.	SAEEDI Ali	Inscne: fireann	Ceann bhiúró idé-eolaíochta polaitiúil an Supreme Leader. Iar-Ionadaí an Supreme Leader do Pasdaran (1995-2020) tar éis a ghairm ar fad a chaitheamh in institiúid an airm agus, go sonrath, i seirbhís faisnéise Pasdaran. De bharr an ról oifigiúil sin, bhí sé ar dhuine de na príomhdhaoine ag tarchur orduithe ó Oifig an Supreme Leader chuig fearas cur faoi chois Pasdaran.	23.3.2012
69.	MORTAZAVI Seyyed Solat	Áit bhreithe: Farsan, Tchar Mahal-o-Bakhtiari (Theas) - (an Iaráin) Dáta breithe: 1967 Inscne: fireann	Ón 16 Meán Fómhair 2019, ceann bhrairse eastáit réadaigh an Mostazafan Foundation, atá á reáchtáil go díreach ag an Supreme Leader Khamenei. Stiúrthóir ar chraobh Tehran den Fhondúireacht Astan Qods Razavi, go dtí mí na Samhna 2019. Iarmhéara Mashhad, an dara cathair is mó san Iaráin, áit a dtarlaíonn básuithe poiblí go rialta. Iar-Leas-Aire Gnóthaí Baile le freagracht as gnóthaí polaitiúla, a ceapadh in 2009. Ina cháil sin, bhí sé freagrach as daoine a labhair amach mar chosaint ar a gcearta dlísteanach, lena n-áirítear saoirse chun tuairimí a nochtadh, a chur faoi chois. Ina dhiaidh sin, ceapadh é ina Cheann ar Choiste Toghcháin na hIaráine do thoghcháin pharlaiminteacha in 2012 agus do na toghcháin uachtaránachta in 2013.	23.3.2012
73.	FARHADI Ali	Inscne: fireann	Leas-Cheann na Cigireachta um Ghnóthaí Dlíthiúla agus um Iniúchadh Poiblí in Aireacht Dlí agus Cirt Tehran. Iar-ionchúisitheoir Karaj. Freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear cásanna cúirte inar tugadh pionós an bháis. Tharla líon ard básuithe i réigiún Karaj le linn a thréimhse mar ionchúisitheoir.	23.3.2012

79.	RASHIDI AGHDAM Ali Ashraf	Inscne: fireann	Iarcheannaire Phríosún Evin. (2012-2015). Tháinig meath ar dhálaí sa phríosún, le linn a théarma, agus rinneadh tagairt do dhrochíde níos déine a bheith á tabhairt do phríosúnaigh. I mí Dheireadh Fómhair 2012, chuaigh naonúr príosúnach baineann ar stailc ocrais mar agóid i gcoinne shárú a gceart agus i gcoinne na cóireála foréigní ó ghardaí príosúin.	12.3.2013
82.	SARAFRAZ Mohammad (Dr.) (dá ngairtear Haj-aghá Sarafraz freisin)	Áit bhreithe: Tehran (an Iaráin) Dáta breithe: thart ar 1963 Áit chónaithe: Tehran Inscne: fireann	Iarchomhalta den Supreme Cyberspace Council. An tIar-Uachtarán ar Islamic Republic of Iran Broadcasting (IRIB) (2014-2016). Iar-Cheann IRIB World Service agus Press TV, freagrach as gach cinneadh maidir le clársceidealú. Tá dlúthbhaint aige le fearas slándála an stáit. Faoina cheannaireacht, d'oibrigh Press TV, in éineacht le IRIB, i gcomhar le seirbhísí slándála agus le hionchúisitheoirí na hIaráine chun admhálacha éigeantacha ó choinneálaithe a chraoladh, lena n-áirítear admháil ón iriseoir agus scannánóir Iaránach-Cheanadach Maziar Bahari sa chlár seachtainiúil 'Iran Today'. Ghearr an rialtóir craolacháin neamhspleách OFCOM fineáil GBP 100 000 ar Press TV as admháil Bahari a chraoladh in 2011, a scannánaíodh sa phríosún agus Bahari faoi éigeantas. Tá baint ag Sarafraz, dá bhrí sin, le sárú a dhéanamh ar an gceart chun próise cúig agus triail chóir a fháil.	12.3.2013
84.	EMADI, Hamid Reza (dá ngairtear Hamidreza Emadi freisin)	Áit bhreithe: Hamedan (an Iaráin) Dáta breithe: thart ar 1973 Áit chónaithe: Tehran Áit oibre: Ceanncheathrú Press TV, Tehran Inscne: fireann	Stiúrthóir an tSeomra Nuachta le Press TV. Iarléiritheoir sinsearach le Press TV. Freagrach as admhálacha éigeantacha ó choinneálaithe a léiriú agus a chraoladh, lena n-áirítear iriseoirí, gníomhaithe polaitiúla agus daoine ar de ghrúpaí mionlaigh Choirdeacha agus Arabacha iad, lena sáraítear cearta a aithnítear go hidirnáisiúnta maidir le triail chóir agus próis chúig a fháil. Ghearr an rialtóir craolacháin neamhspleách OFCOM fineáil GBP 100 000 ar Press TV sa Ríocht Aontaithe as admháil éigeantach ón iriseoir agus scannánóir Iaránach-Cheanadach Maziar Bahari a chraoladh in 2011, a scannánaíodh sa phríosún agus Bahari faoi éigeantas. Tá sé tuairiscithe ag ENRanna gur tharla cásanna eile d'admhálacha éigeantacha a chraol Press TV. Tá baint ag Emadi, dá bhrí sin, le sárú a dhéanamh ar an gceart chun próise cúig agus triail chóir a fháil.	12.3.2013
86.	MUSAVI-TABAR Seyyed Reza	Áit bhreithe: Jahrom (an Iaráin) Dáta breithe: 1964 Inscne: fireann	Iarcheann na hOifige Ionchúisimh Réabhlóide Shiraz. Freagrach as gabháil mhídhleathach agus as drochíde a thabhairt do ghníomhaithe polaitiúla, d'iriseoirí, do chosantóirí chearta an duine, do lucht Baha'i agus do phríosúnaigh choinsiasa, a ndearnadh ciapadh, céasadh, diancheistiú orthu agus ar diúltaíodh rochtain ar dhlíodóirí agus ar phróis chúig dóibh. Shínigh Musavi-Tabar ordúithe breithiúnacha sa Lárionad Coinneála Uimh. 100 (príosún fireann), a bhfuil míchlú air, lena n-áirítear ordú chun príosúnach baineann Baha'i Raha Sabet a choinneáil ar feadh trí bliana i ngaibhniú aonair.	12.3.2013
87.	KHORAMABADI Abdolsamad	Inscne: fireann	Leas-Stiúrthóir um Maoirseacht Bhreithiúnach (ón 13 Deireadh Fómhair 2018). Iarcheannaire an 'Commission to Determine the Instances of Criminal Content', eagraíocht rialtais atá i gceannas ar chinsireacht ar líne agus ar chibearchoireacht. Faoina cheannaireacht, shainigh an Coimisiún 'cibearchoireacht' le líon catagóirí doiléire lena ndéantar cruthú agus foilsiú ábhair a mheasann an réimeas a bheith míchuí a choiriú. Bhí sé freagrach as cur faoi chois agus as bac a chur ar go leor láithreán gréasáin de chuid an fhreasúra, ar nuachtáin leictreonacha, blaganna, láithreáin ghréasáin de chuid eagraíochtaí neamhrialtasacha um chearta an duine agus ar Google agus Gmail ó mhí Mheán	12.3.2013";

			Fómhair 2012. Bhí páirt ghníomhach aige féin agus ag an gCoimisiún i mbás an bhlagálaí Sattar Beheshti i mí na Samhna 2012 agus é faoi choinneáil. Dá bhrí sin, tá an Coimisiún a raibh sé mar cheannaire air freagrach go díreach as sárúithe sistéamacha ar chearta an duine, go háirithe trí rochtain an phobail i gcoitinne ar shuíomhanna gréasáin a thoirmeasc agus a scagadh agus, ó am go chéile, rochtain ar an idirlíon a dhíchumasú go hiomlán.	
--	--	--	--	--

## Eintitis

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
"1.	Cibear-phóilíní	Suíomh: Tehran (an Iaráin) Suíomh gréasáin: <a href="http://www.cyberpolice.ir">http://www.cyberpolice.ir</a>	<p>Is aonad é an Iranian Cyber Police, a bunaíodh in Eanáir 2011, den Islamic Republic of Iran Police, atá faoi cheannas Vahid Majid. Ón am a bunaíodh é go dtí go luath sa bhliain 2015 bhí sé faoi cheannas Esmail Ahmadi-Moqaddam (liostaithe). Chuir Ahmadi-Moqaddam i dtreis go rachadh an Cyber Police i ngleic le grúpaí frith-réabhlóideacha agus easaontacha a d'úsáid líonraí sóisialta idirlíon-bhunaithe in 2009 chun agóidí a spreagadh i gcoinne atoghadh an Uachtaráin Mahmoud Ahmadinejad. I mí Eanáir 2012, d'eisigh an Cyber Police treoirlínte nua do chaiféanna idirlín, lenar ceanglaíodh ar úsáideoirí faisnéis phearsanta a chur ar fáil a choinneodh úinéirí caifé ar feadh sé mhí, chomh maith le taifead de na suíomhanna gréasáin ar thug siad cuairt orthu. Ceanglaítear freisin leis na rialacha sin ar úinéirí caifé ceamaraí teilifíse ciorcaid iata a shuiteáil agus na taifeadtaí a choinneáil ar feadh sé mhí. Leis na rialacha nua sin, d'fhéadfaí logleabhar a chruthú a bhféadfadh na húdaráis úsáid a bhaint as chun gníomhachaithe nó éinne a mheasfaí a bheith ina bhagairt don tslándáil náisiúnta a rianú.</p> <p>I mí an Mheithimh 2012, thuairiscigh meáin na hIaráine go mbeadh cniogbheartaíocht á seoladh ag an Cyber Police ar líonraí príobháideacha fíorúla (VPNanna). An 30 Deireadh Fómhair 2012, ghabh an Cyber Police an bhlagálaí Sattar Beheshti gan bharántas as 'ghníomhaíochtaí i gcoinne na slándála náisiúnta ar líonraí sóisialta agus Facebook'. Bhí rialtas na hIaráine cáinte ag Beheshti ina bhlag. Fuarthas Beheshti marbh ina chill phríosúin an 3 Samhain 2012, agus creidtear go ndearna údaráis an Cyber Police é a chéasadh chun báis. Tá an Cyber Police freagrach as Riarthóirí Ghrúpa Telegram iomadúla a ghabháil i dtaca leis na hagóidí ar fud na tíre i mí na Samhna 2019.</p>	12.3.2013"

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/588 ÓN gCOIMISIÚN  
an 6 Aibreán 2021

lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht ainm a iontráladh sa chlár um shonrúcháin  
tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint, is é sin  
“Stelvio”/“Stilfser” (STFC)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun na chéad fhomhíre d’Airteagal 53(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar iarratas na hIodáile maidir le formheas ar leasú ar shonraíocht an tsonrúcháin tionscnaimh “Stelvio”/“Stilfser” atá cláraithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 148/2007 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup>, arna mhodhnú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1132/2013 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup>.
- (2) Ós leasú nach mion an leasú atá i gceist de réir bhrí Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, d’fhoilsigh an Coimisiún an t-iarratas ar leasú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh mar a cheanglaítear le pointe (a) d’Airteagal 50(2), den Rialachán sin in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh <sup>(4)</sup>.
- (3) Maidir leis an bhfógra freasúra a chuir an tSualainn isteach an 23 Nollaig 2020, níor leanadh é le ráiteas freasúra réasúnaithe agus, dá bharr sin, meastar é a bheith tarraingthe siar.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Tá na leasuithe ar an tsonraíocht a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an ainm “Stelvio”/“Stilfser” (STFC) formheasta anois.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

<sup>(1)</sup> IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 148/2007 ón gCoimisiún an 15 Feabhra 2007 lena gcláraítear ainmneacha áirithe i gClár na sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus na dtásc geografach faoi chosaint (Geraardsbergse mattentaart (TGFC) — Pataca de Galicia nó Patata de Galicia (TGFC) — Poniente de Granada (STFC) — Gata-Hurdes (STFC) — Patatas de Prades nó Patates de Prades (TGFC) — Mantequilla de Soria (STFC) — Huile d’olive de Nîmes (STFC) — Huile d’olive de Corse nó Huile d’olive de Corse-Oliu di Corsica (STFC) — Clémentine de Corse (TGFC) — Agneau de Sisteron (TGFC) — Connemara Hill Lamb nó Uain Sléibhe Chonamara (TGFC) — Sardegna (STFC) — Carota dell’Altopiano del Fucino (TGFC) — Stelvio nó Stilfser (STFC) — Limone Femminello del Gargano (TGFC) — Azeitonas de Conserva de Elvas e Campo Maior (STFC) — Chouriça de Carne de Barroso-Montalegre (TGFC) — Chouriço de Abóbora de Barroso-Montalegre (TGFC) — Sangueira de Barroso-Montalegre (TGFC) — Batata de Trás-os-Montes (TGFC) — Salpicão de Barroso-Montalegre (TGFC) — Alheira de Barroso-Montalegre (TGFC) — Cordeiro de Barroso, Anho de Barroso nó Borrego de leite de Barroso (TGFC) — Azeite do Alentejo Interior (STFC) — Paio de Beja (TGFC) — Linguíça do Baixo Alentejo nó Chouriço de carne do Baixo Alentejo (TGFC) — Ekstra deviško oljčno olje Slovenske Istre (STFC)), IO L 46, 16.2.2007, lch. 14.

<sup>(3)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1132/2013 ón gCoimisiún an 7 Samhain 2013 lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht ainm a iontráladh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint (Stelvio/ Stilfser (STFC)) (IO L 302 an 13.11.2013, lch. 20).

<sup>(4)</sup> IO C 317, 25.9.2020, lch. 25.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Aibreán 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin,*  
*Ar son an Uachtaráin,*  
Janusz WOJCIECHOWSKI  
*Comhalta den Choimisiún*

---

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/589 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 9 Aibreán 2021**

**lena leasaítear den 320ú huair Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe i gcoinne daoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIII (Da'esh) agus Al-Qaida**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2002 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe i gcoinne daoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIII (Da'esh) agus Al-Qaida <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 7(1)(a) agus Airteagal 7a(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 liostaítear na daoine, na grúpaí agus na heintitis arna gcumhdach ag reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha faoin Rialachán sin.
- (2) An 6 Aibreán 2021, chinn Coiste Smachtbhannaí Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe leasú a dhéanamh ar aon iontráil amháin i liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas ar cheart feidhm a bheith ag reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha maidir leo.
- (3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9 Aibreán 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin,*  
*Ar son an Uachtaráin,*  
*Ard-Stiúrthóir*  
An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais,  
Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil

<sup>(1)</sup> IO L 139, 29.5.2002, lch. 9.

*IARSCRÍBHINN*

Déantar na sonraí aitheantais le haghaidh na hiontrála seo a leanas faoin gceannteideal “Daoine nádúrtha” in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 a leasú mar a leanas:

“Abu Bakar Ba’asyir (ailias (a) Abu Bakar Baasyir, (b) Abu Bakar Bashir, (c) Abdus Samad, (d) Abdus Somad). Dáta breithe: 17.8.1938. Áit bhreithe: Jombang, Iáva Thoir, an Indinéis. Seoladh: An Indinéis (i bpríosún) Náisiúntacht: Indinéiseach.”

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad sin:

“Abu Bakar Ba’asyir (ailias dea-cháilíochta: (a) Abu Bakar Baasyir; (b) Abu Bakar Bashir; (c) Abdus Samad; (d) Abdus Somad). Dáta breithe: 17.8.1938. Áit bhreithe: Jombang, Iáva Thoir, an Indinéis. Náisiúntacht: Indinéiseach. Seoladh: An Indinéis. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 21.4.2006.”

---



**RIALACHÁN (AE) 2021/590 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 12 Aibreán 2021**

**lena leasaítear Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar maidir le haclóinifein, boscailid, bainne bó, eatafeanprocs, pireafosfáit fheireach, L-cistéin, lambda-cihalaitrin, hidraisíd mhailéach, meifeintriofluconazól, sóidiam 5-nítreaguacoláite, sóidiam o-nítrifeanóláite, sóidiam p-nítrifeanóláite agus tríchlóipir i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha ar de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch iad nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 5(1) agus Airteagal 14(1)(a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Maidir le haclóinifein, boscailid, eatafeanprocs, lambda-cihalaitrin, hidraisíd mhailéach, meifeintriofluconazól, sóidiam 5-nítreaguacoláite, sóidiam o-nítrifeanáite, sóidiam p-nítrifeanáite agus tríchlóipir, socraíodh uasleibhéil iarmhar (“MRLanna”) in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Maidir le pireafosfáit fheireach, L-cistéin agus bainne bó, níor socraíodh aon MRL sonrach agus níor cuireadh na substaintí sin san áireamh in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin, agus, dá bharr sin, tá feidhm ag an luach réamshocraithe 0,01 mg/kg a leagtar síos in Airteagal 18(1)(b) de.
- (2) I gcomhthéacs nós imeachta maidir le húdarú a thabhairt d’úsáid táirge cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach aclóinifein ar phiobair mhílse/phiobair chloigíneacha, insiltí luibhe agus spíosraí, cuireadh iarratas isteach i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 chun na MRLanna atá ann cheana a mhodhnú.
- (3) A mhéid a bhaineann le boscailid, cuireadh iarratas den sórt sin isteach le haghaidh pomagránaití, mil agus táirgí beachaireachta eile tar éis í a úsáid ar shíolta ráibe. A mhéid a bhaineann le heatanprocs, cuireadh iarratas den sórt sin isteach ar phlumaí. A mhéid a bhaineann le lambda-cihalaitrin, cuireadh iarratas den sórt sin isteach ar spíosraí ó shíolta agus spíosraí ó thorthaí. A mhéid a bhaineann le hidraisíd mhailéach, cuireadh iarratas den sórt sin isteach ar fhréamhacha siocaire. Maidir le meifeintriofluconazól, cuireadh iarratas den sórt sin isteach ar thorthaí póma, aibreoga, silíní, péitseoga, plumaí, fíonchaora, prátaí, arbhar milis, arbhar Indiach, síolta lus na gréine, síolta ráibe/canóil agus fréamhacha biatas siúcra. A mhéid a bhaineann le sóidiam 5-nítreaguacoláite, sóidiam o-nítrifeanáite, sóidiam p-nítrifeanáite, cuireadh an t-iarratas sin isteach ar fhíonchaora, sútha talún, sútha craobh, cuiríní, arbhar Indiach/arbhar, rís, cruithneacht agus leannlusanna. A mhéid a bhaineann le tríchlóipir, cuireadh iarratas den sórt sin isteach ar chíobhaíonna.
- (4) I gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, rinne na Ballstáit lena mbaineann meastóireacht ar na hiarratais sin agus cuireadh na tuarascálacha meastóireachta ar aghaidh chuig an gCoimisiún.
- (5) Rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (“an tÚdarás”) measúnú ar na hiarratais agus ar na tuarascálacha meastóireachta, agus rinne sé scrúdú go háirithe ar na rioscaí áirithe atá ann don tomhaltóir agus, i gcás inarb ábhartha, d’ainmhithe agus thug sé tuairim réasúnaithe ar na MRLanna atá beartaithe <sup>(2)</sup>. Chuir sé na tuairimí sin ar aghaidh chuig na hiarratasóirí, chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit agus chuir sé ar fáil don phobal iad.

<sup>(1)</sup> IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Tuarascálacha eolaíoch a ó EFSa atá ar fáil ar líne: <http://www.efsa.europa.eu>:

*Reasoned opinion on the evaluation of confirmatory data following the Article 12 MRL review for aclonifen.* [Tuairim réasúnaithe ar an meastóireacht ar shonraí daingniúcháin tar éis athbhreithniú MRL Airteagal 12 maidir le haclóinifein]. *EFSA Journal* [Iris EFSa], 2020;18(5):6102.

*Reasoned opinion on the modification of the existing maximum residue level for boscalid in honey.* [Tuairim réasúnaithe ar an uasleibhéil iarmhar atá ann faoi láthair a mhodhnú maidir le boscailid i mil]. *EFSA Journal* [Iris EFSa], 2019;17(11):5897.

*Reasoned opinion on the modification of the existing maximum residue level for boscalid in pomegranates.* [Tuairim réasúnaithe ar an uasleibhéil iarmhar atá ann faoi láthair a mhodhnú maidir le boscailid i bpomagránaití]. *EFSA Journal* [Iris EFSa], 2020;18(9):6236.

*Reasoned opinion on the modification of the existing maximum residue level for etofenprox in plums.* [Tuairim réasúnaithe ar an uasleibhéil iarmhar atá ann faoi láthair maidir le haatafeanprocs i bplumaí a mhodhnú]. *EFSA Journal* [Iris EFSa], 2020;18(7):6192.

*Reasoned opinion on the modification of the existing maximum residue levels for lambda-cyhalothrin in seed and fruit spices.* [Tuairim réasúnaithe ar mhodhnú a dhéanamh ar na huasleibhéil iarmhar atá ann faoi láthair do lambda-cihalaitrin i spíosraí ó shíolta agus spíosraí ó thorthaí]. *EFSA Journal* [Iris EFSa], 2020;18(6):6110.

- (10) Luaitear beatha ainmhithe a bheith ina gné ábhartha san iarratas. Ní shonraítear san iarratas, áfach, conas atá baint uathúil ag an mbeathú agus ag an innilt le plandaí na Cipire, ag cur san áireamh go gcuimsíonn limistéar geografach na hinnilt na t-oileán ar fad. Ní thugtar aon fhianaise go bhfuil na plandaí sin ar fáil ar fáil ó cheann ceann na bliana agus ar fud na Cipire. Ní thugtar aon fhianaise ar an difríocht sa bheathú i measc ainmhithe atá ar innilt ó cheann ceann na bliana, ainmhithe a ndéantar feirmeoireacht bhreacdhian orthu agus ainmhithe a ndéantar dianfheirmeoireacht orthu. Thairis sin, ní thugtar aon fhianaise go gcoinneofaí an leibhéal táirgthe cáiseanna agus an sciar de bhainne na bó sna hamhábhair á laghdú san am céanna. Ní bheadh dóthain fianaise ann go mbeadh tionchar comhsheasmhach ag an mbeathú ar cháilíocht nó ar shaintréithe na cáise a tháirgtear.
- (11) A mhéid a bhaineann leis an ngné dhaonna, fiú más rud é go bhféadfadh fios gnó sonracha “Χαλλούμι” (Halloumi)/ “Hellim” a bheith bunaithe ag déiríthe Cipireacha, ní dhearbhaíonn sé sin go bhfuil an nasc is gá ann idir saintréithe an táirge agus timpeallacht gheografach na Cipire chun STFC a chlárú, toisc gur féidir an fios gnó agus na modhanna táirgthe a athchruthú gach áit eile nach mór.
- (12) Ní chuirtear in iúl san iarratas gur toradh é “Χαλλούμι” (Halloumi)/ “Hellim” ar “fhíormhodhanna áitiúla neamhathraitheacha” toisc gur tugadh an t-ainm sin ar chineálacha éagsúla cáiseanna a rinneadh le modhanna agus amhábhair a bhí éagsúil le himeacht ama agus atá fós ag forbairt.
- (13) Tá an tsonraíocht táirge in aghaidh an táirge atá á gcur ar an margadh dáiríre: déantar formhór na cáise “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim” a tháirgtear sa Chipir trí chionta agus cineálacha éagsúla bainne a úsáid, arb é bainne na bó is mó a úsáidtear lena aghaidh. Tá táscairí ann a léiríonn go mbeadh cion idir 80-95 % bainne na mbó in 95 % den “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim” a tháirgtear sa Chipir faoi láthair.

- (14) Ní urramaíonn an tsonraíocht táirge traidisiúin an limistéir gheografaigh iomláin atá luaite. Bainneann an tsonraíocht táirge le táirge traidisiúnta a dhéantar ar fud oileán na Cipire, mar sin féin ní áirítear san iarratas saintréithe traidisiúnta sonracha na cáise a dhéanann táirgeoirí phobal Turcach na Cipire. Dá bhrí sin, leis an tsonraíocht táirge ní shainaithnítear táirge mar a chuirtear ar an margadh dáiríre ar fud an oileáin. Go háirithe, ba cheart é a bheith roghnach miontas a úsáid agus ba cheart bainne amh a cheadú.
- (15) Ní thacaíonn fianaise eolaíoch le roinnt ráiteas atá san áireamh sa tsonraíocht táirge, amhail an t-éileamh go bhfuil bainne caorach agus gabhar tábhachtach do bhlas na cáise; an t-idirdhealú sa mhoirfeolaíocht den chaora Chíos de chineál Cipireach; an fíoras go ndéanann meáchan íseal móilíneach na saoraigéad sailleach difear do bhlas, do bholadh agus do chumhracht na cáise; an fíoras go bhfuil blátholaí sna plandaí eindéimeacha a luaitear mar bheatha le haghaidh ainmhithe; cibé acu atá teirpéin sa *Sarcopoterium spinosum* nó nach bhfuil agus cainníocht na teirpéine, an chaoi a ndéantar teirpéiní a aistriú ó ionghabháil *Sarcopoterium spinosum* chuig an mbainne agus chuig an gcáis halloumi ina dhiaidh sin; *Lactobacillus cypricasei* a bheith i láthair i Halloumi úr caorach agus tionchar úsáid an mhiontais úir nó thirim ar na saintréithe céadfacha.
- (16) Sa tsonraíocht táirge ainmnítear Aireacht Talmhaíochta, Forbartha Tuaithe agus Comhshaoil Phoblacht na Cipire a bheith ar an aon údarás inniúil amháin le haghaidh rialuithe ar chomhlíontacht leis an tsonraíocht táirge i ndáil leis an limistéir geografach iomlán atá teormharcáilte. Toisc nach bhfeidhmíonn an Aireacht sin rialú éifeachtach ar fud an limistéir táirgeachta a leagtar amach sa tsonraíocht, áfach, ní dhéantar córas bailí chun fíorú a dhéanamh ar chomhlíontacht leis an tsonraíocht táirge a áirithiú.
- (17) Ní thagraítear d'aon chomhlacht rialaithe tarmligthe sa tsonraíocht táirge. Ní dhéantar an mhainneachtain sin a leigheas leis an gComhthuiscint maidir le réiteach sealadach le haghaidh “Halloumi”/“Hellim”, atá le cur chun feidhme go dtí go n-athaontófar an Chipir (“an Chomhthuiscint”) nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí, comhthuiscint ar thángthas uirthi faoi threoir Uachtarán an Choimisiúin an 16 Iúil 2015, ina dtagraítear do cheapadh *Bureau Veritas*, comhlacht atá creidiúnaithe go hidirnáisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (a ionadaíodh ó thaobh brí de le hAirteagail 28 agus 29 de Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(\*)</sup> maidir le rialuithe oifigiúla) ina chomhlacht a bheidh i gceannas ar na cúraimí rialaithe dá bhforáiltear sa Rialachán deireanach sin a luadh.
- (18) Táirgtear “Halloumi”/ “Hellim” sa Bhulgáir, sa Ghearmáin agus sa Ghréig. Lasmuigh den Aontas, táirgtear é san Astráil, i gCeanada, i dtíortha de Chomhairle Comhair Stáit Arabacha na Murascaille, i roinnt tíortha sa Mheán-Oirthear (an Iaráic, an Liobáin, an tSiria), sa Nua-Shéalainn, sa Ríocht Aontaithe agus sa Tuirc. Dearbhaíonn iontrálacha agus torthaí i gcomórtais cháise ghradamaigh gur rud seanbhunaithe é “Halloumi”/“Hellim” a tháirgeadh i suíomhanna lasmuigh den Chipir. Sa Ríocht Aontaithe, mar shampla, maítear go bhfuil an t-ainm “Halloumi” in úsáid le haghaidh cáis a tháirgeadh ó bhí na 1980í ann, agus meastar go bhfuil thart ar 300 tona de á tháirgeadh in aghaidh na bliana.. Chomh maith leis sin, déantar táirgí den sórt sin a tháirgtear lasmuigh den Chipir agus a bhfuil an t-ainm “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim” orthu a chur ar an margadh i líon mór Ballstát agus tríú tíortha.
- (19) Tá an téarma “Halloumi” mar chuid de raon trádmharcanna cláraithe san Astráil, sa Ghearmáin, sa Ghréig, sa Nua-Shéalainn, sa Ríocht Aontaithe agus sa tSeicia. Tá trádmharcanna a thagraíonn do “Hellim” sa Ghearmáin, sa tSualainn agus sa Tuirc freisin. Dá bhrí sin, bheadh coinbhleacht idir an STFC atá beartaithe agus ainmneacha, trádmharcanna agus táirgí atá ann cheana agus dá réir sin d'fhéadfadh sé iad a chur i mbaol sa chás go ndéanfaí an clárú. Go háirithe, toisc trádmharcanna sonracha a bhfuil an t-ainm “Halloumi” mar chuid díobh a bheith ar mhargadh an Aontais ba cheart go gcuirfeadh sin cosc ar an gCoimisiún ainm den sórt sin a chlárú toisc go mbunaítear faoi Airteagal 6(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 nach bhfuil ainm le clárú i gcás ina bhféadfadh clárú an ainm sin mar shonrúchán tionscnaimh nó mar thásc geografach, i bhfianaise clú agus cáil trádmhairc agus an mhéid ama atá sé in úsáid, an tomhaltóir a chur amú maidir le fíorchéannacht an táirge.

(\*) Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ó gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

- (20) Déantar “Halloumi”/ “Hellim” a tháirgeadh agus a chur ar an margadh laistigh den Aontas agus lasmuigh de araon. Eisíodh caighdeán le haghaidh táirgeadh “Halloumi”/“Hellim” i mBairéin, i gCatar agus san Araib Shádach. Is úsáid sheanbhunaithe í úsáid an ainm sin san Aontas lasmuigh de theorainneacha na Cipire. Is ábhartha an fhianaise é go n-úsáidtear an t-ainm “Halloumi”/“Hellim” go coitianta ar tháirgí cáise nach táirgí de thionscnamh na Cipire iad, rud a léireodh gur téarma cineálach anois é.
- (21) Anuas air sin, sna caighdeáin “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim” arna n-eisiúint ag an gCipir ní dhearnadh tagairt d’aon phór ná d’aon chrosphór ar leith caorach, gabhar ná eallach. Measann tomhaltóirí gur cineál táirge é “Halloumi”/“Hellim”. Bhí sé de chonclúid ag Cúirt Chónaidhme Cheanada agus ag an Oifig um Chomhchuíbhiú sa Mhargadh Innheánach (OHIM) (Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh anois) gur cáis chineálach é “Halloumi”/“Hellim” (\*).
- (22) Samhlaíonn tomhaltóirí san Aontas agus i dtríú tíortha, amhail an Astráil agus an Nua-Shéalainn, “Halloumi”/“Hellim” le cineál cáise a bhfuil leáphointe ard aige, rud a fhágann gur féidir é a ghríoscaidh nó a fhriochadh, ar cineál cáise é a bhfuil uigeacht “dhíoscánach” aige mar a bheadh rubar ann, agus blas goirt air. Is iad na hairíonna blais, uigeachta agus feidhmiúla atá in “Halloumi”/“Hellim” a fhágann gur rud uathúil é do thomhaltóirí, beag beann ar thionscnamh na cáise, rud nach bhfuil ábhartha.
- (23) Tá measúnú déanta ag an gCoimisiún ar na hargóintí a nochtadh sna ráitis freasúra réasúnaithe i bhfianaise Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, agus na torthaí ar na comhairliúcháin a rinneadh idir an t-iarratasóir agus na freasúraí á gcur san áireamh, agus bhain sé de thátal as gur cheart an t-ainm “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim” a chhlárú. Déanann an Coimisiún an méid seo a leanas a mheas, go háirithe.
- (24) Maidir le moirfeolaíocht na gcaorach agus na ngabhar incháilithe, eascraíonn sé as an bhfaisnéis atá ar fáil sa doiciméad aonair go bhfuil saintréithe moirfeolaíocha agus táirgeachta anois ag caora Chíos agus gabhar na Damaisce, caora agus gabhar a tugadh isteach sna 1950í agus sna 1930í faoi seach, atá scartha uathu siúd atá ag na pobail tionscnaimh, ag leanúint de chláir póraithe náisiúnta atá ann le fada. Mar a tharlaíonn tá an iliomad tagairtí tráchtála ar fáil ar an idirlíon i ndáil leis an trádáil idirnáisiúnta atá ar siúl leis na scórtha blianta i “gcaora Chíos de chineál Cipireach” agus i “ngabhar na Damaisce de chineál Cipireach”, ón gCipir chuig 20 tír, tagairtí a thagraíonn don chláir idirnáisiúnta atá bainte amach ag an gCipir sa phóru roghnaitheach rathúil atá déanta orthu.
- (25) Dá bhrí sin, an fhorbairt ar phórtha uathúla caorach agus gabhar a úsáidtear i dtáirgeadh “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim” chomh maith le forbairt na cáise féin, ní chuireann sé faoi cheist gur tháinig ann don táirge sa 16ú haois. I gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, is ainm é “sonrúchán tionscnaimh” lena sainnithnítear táirge: (a) de thionscnamh ionad ar leith, réigiúin nó, i gcásanna eisceachtúla, tíre; (b) arb é timpeallacht gheografach ar leith agus gnéithe dúchasacha nádúrtha agus daonna na timpeallachta sin is cúis, go bunúsach nó go heisiach, lena cháilíocht nó lena shaintréithe; agus (c) ar tharla a chéimeanna táirgthe ar fad sa limistéar geografach sainithe. Dá bhrí sin, chun bheith cláraithe mar STFC, is leor go gcomhlíonfadh an t-ainm na ceanglais sin. Féadfaidh athrú dlisteanach teacht ar na coinníollacha táirgeachta de cháis ar leith le himeacht ama agus ní cheanglaítear iad a bheith gan athrú ar feadh na gcéadta blianta.
- (26) I ndáil le tionchar agus fáil na beatha, tugtar le fios *inter alia* sa doiciméad aonair go bhfuil “tionchar rithábachtach ag an bhfásra áitiúil Cipireach arna n-ithé ag na hainmhithe, bíodh sé úr nó triomaithe, ar cháilíocht an bhainne agus ar shaintréithe sonracha na cáise ina dhiaidh sin (Papademas, 2000). Toisc bacillus Lactobacillus cypricasei (lactobacillus as cáis Chipireach) a bheith i láthair, rud nár aonraíodh ach as Halloumi Cipireacha agus as sin amháin, is dearbhú leis an nasc idir micreaflóra an oileáin agus an táirge é (Lawson et al., 2001). Luadh suirbhéanna eolaíocha chun an nasc idir an bheatha ainmhithe agus cáilíocht na cáise a dhéantar le bainne na n-ainmhithe lena mbaineann a léiriú. Léiríodh, mar shampla, gur aimsíodh comhdhúile shoghalaithe sa bhainne, arb as na plandaí a úsáideadh chun na hainmhithe a bheathú a tháinig siad (Papademas et al. 2002). Thairis sin, bunaithe ar shuirbhéanna eile, (Palmquist et al. 1993), is ag brath ar aiste bia na n-ainmhithe a bhíonn an cóimheas de shail na bhainne, rud atá ina gné rithábachtach a bhfuil tionchar aige ar shaintréithe orgánaileipteacha na cáise. Bunaithe ar shuirbhé eile (Bugaud et al. 2001), tá baint dhíreach ag an gcion teirpéine bainne le cion teirpéine na beatha a fhaightear trí innilt.

(\*) Cinneadh i bhFreasúra Uimh. B2152604, Cinneadh i bhFreasúra Uimh. B2318585, Cinneadh i bhFreasúra Uimh. B2190257, Cinneadh i bhFreasúra Uimh. B2191396, Cinneadh i bhFreasúra Uimh. B002124637.

- (27) Thairis sin, is mar thoradh ar innilt plandaí atá eindéimeach sa Chipir, amhail tím agus *Sarcopoterium spinosum*, agus ionghabháil na bplandaí sin, go bhfuil na saintréithe aramatacha gaolmhara ann sa táirge deiridh.
- (28) Lena chois sin, níl aon fhoráil i Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 lena gceanglaítear gur cheart dearbh-aonchineálacht a bheith sa limistéar teormharcáilte, ná gur cheart do STFC tagairt a dhéanamh do tháirgí dearbh-aonchineálacha atá caighdeánaithe go hiomlán. Dá bhrí sin, maidir le maímh na bhfreasúraithe nach bhfuil fáil ar phlandaí áitiúla, a mbíonn tionchar acu ar shainiúlachtaí táirgí, ar fud na Cipire, ní bhaineann sé le hábhar.
- (29) Níor athraíodh sonraíocht táirge “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim” i gcomparáid leis an gcaighdeán reachtach gaolmhar a ghlac an Chipir in 1985. Dá bhrí sin, ní fhágfadh teirce a d’fhéadfadh a bheith ann d’amhábhara a bheadh ar fáil chun an cháis sin a tháirgeadh *per se* nach bhféadfaí na sainorduithe maidir le céatadán an bhainne nó beatha ainmhithe atá san áireamh sa tsonraíocht táirge a bhaint amach. Ina theannta sin, níl tairseacha cainníochtúla táirgeachta de cheangal faoi Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012. D’ainneoin an mhéid thuasluaite, dheonaigh an Chipir idirthréimhse do na hoibreoirí nach bhfuil in ann na ceanglais maidir leis an tsonraíocht táirge a bhaint amach, chun go mbeidís in ann a dtáirgeacht a ailíniú go hiomlán leis na ceanglais i ndáil leis sin, rud a cheadófaí dóibh, faoi choinníollacha dochta, méid níos ísle de bhainne caoirigh agus gabhair a úsáid go sealadach.
- (30) Maidir leis na tosca daonna agus an fios gnó a bhaineann le táirgeadh na cáise sin, tá an iliomad tagairtí ann a léiríonn gur táirgeadh sa Chipir í ó bhí 1554 ann. Tugtar le fios sa doiciméad aonair i ndáil leis sin go meastar gur cáis thraidisiúnta sa Chipir é “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim”, toisc go raibh ról an-tábhachtach aici i saol agus in aiste bia mhuintir an oileáin, idir Chipirigh Ghréagacha agus Chipirigh Thurcacha. An t-eolas faoin bpróiseas táirgthe, tugadh ar aghaidh ó ghlúin go glúin é. An cruth fillte is saintréith di agus a sainairí nach léann sí ag teochtaí arda, tá siad aici de bharr an phróisis thraidisiúnta táirgthe sin a tugadh ar aghaidh ó ghlúin go glúin.
- (31) I bhfianaise imirce shaoránaigh na Cipire ar fud an domhain thar na céadta blianta, d’fhéadfadh sé gur cóipeáladh na sainmhodhanna a úsáidtear chun an cháis seo a tháirgeadh in áiteanna eile, ach mar sin féin tá nasc doscartha uathúil fós ag táirgeadh “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim” le cultúr cócaireachta na Cipire.
- (32) Ní féidir an ghné dhaonna a mheas mar ghné aonraithe. Tá na gnéithe daonna agus nádúrtha ceaptha le hidirghníomhú le chéile, rud a chinneann an saintoradh deiridh.
- (33) Thairis sin, ní cheanglaítear le hAirteagal 7(1)(e) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 go mbeadh an t-ainm atá le clárú ag tagairt do tháirgeadh a saothraíodh le linn na gcéadta blianta le modh gan athrú. Ní cheanglaítear ach go gcuirfead san áireamh sa tsonraíocht táirge na modhanna, más ann dóibh, chun an táirge sonrach sin a fháil, ar modhanna iad atá difriúil ó na modhanna caighdeánacha a úsáidtear chun an cineál táirge sin a fháil. Dá bhrí sin ní fhéadfaí agóid a dhéanamh i gcoinne incháilitheacht “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim” ar an bhforas nár tháinig aon athrú ar chor ar bith ar na modhanna táirgthe.
- (34) Baineann líomhaintí eile in éilimh na bhfreasúraithe leis an neamhréireacht idir an táirge a dtugtar tuairisc air sa tsonraíocht táirge agus an ceann a tháirgtear go hiarbhír a mhéid a bhaineann leis an gcion faoi seach de bhainne caoirigh, gabhair agus bó agus saintréithe áirithe de na modhanna táirgthe a leanann táirgeoirí áirithe as an bpobal Cipireach Turcach nach n-úsáidtear miontas ná bainne paisteartha iontu.
- (35) Ar an gcéad dul síos, áfach, ní raibh aon fhianaise dhaingean ag gabháil le líomhaintí den sórt sin. Ar an dara dul síos, tá na ceanglais a bhaineann le miontas a chur leis, bainne paisteartha a úsáid agus an cion faoi seach de bhainne caoirigh, gabhair agus bó san áireamh cheana féin sa chaighdeán ábhartha Cipireach a glacadh in 1985. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí aon táirge nach bhfuil ag cloí leis an gcaighdeán sin a chur ar an margadh go dleathach mar “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim” laistigh den Chipir, fiú más féidir é a chur ar an margadh i gcríoch tríú tíortha áit nach mbeadh an cháis sin cosanta iontu faoi láthair. Thairis sin, tá nós imeachta freasúra náisiúnta uileghabhálach déanta thar roinnt blianta ar an leibhéal náisiúnta maidir leis an iarratas reatha, agus bhí an deis ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha a easaontaíonn leis na caighdeáin tháirgthe a theastaíonn go dleathach chun a n-éilimh ghaolmhara uile a chur os comhair údaráis riaracháin agus bhreithiúnacha na Cipire. Sa chreat sin, mar a tugadh le fios, deonaíodh idirthréimhse do na hoibreoirí sin.



- (36) Maidir leis an easpa fianaise eolaíoch a mhaítear i ndáil le paraiméadair agus saintréithe éagsúla atá san áireamh sa tsonraíocht táirge, is míréasúnta an rud é faisnéis atá ró-mhionsonraithe a iarraidh, bheadh ualach rómhór ag baint leis agus ní bhaineann sé le hábhar. Ní chuireann Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 de cheangal tuairisc mhionsonraithe theicniúil agus eolaíoch a thabhairt ar gach paraiméadar ná saintréith den táirge lena n-úsáidfean an STFC lena mbaineann.
- (37) Tá measúnú déanta ag an gCoimisiún ar iarratas na Cipire agus níor aithníodh aon earráid fhollasach ann. Níor sheol na freasúraithe isteach fianaise a bhí réasúnaithe go leor a thaispeánann go bhfuil iarratas na Cipire fabhtach ann féin. Is forais eolaíochta neamhleora le haghaidh an iarratais, go bunúsach, a ghaireann siad. Meastar na fíricí, na ráitis, an réasúnaíocht agus na tagairtí arna gcur isteach ag an gCipir a bheith áititheach go leor le bonn cirt a thabhairt chun “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim” a chlárú mar STFC faoi Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.
- (38) Tá go leor gnéithe i sonraíocht táirge “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim” a fhágann go bhfuil an t-ainm incháilithe mar Shonrúchán Tionscnaimh Faoi Chosaint faoi Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012: aeráid na Meánmhara, ar samhraidh teo/tirime agus geimhrí boga/fliucha is saintréithe di; an tír-raon, toisc go dtiteann méid cuibheasach ard báistí ar na sléibhte ar an oileán, agus bíonn tionchar aige sin ar hidreolaíocht agus ar thimpeallacht na limistéar níos ísle; go bhfuil, i ngeall ar struchtúr geolaíoch, aeráid, suíomh geografach agus an fharraige thart timpeall ar an gCipir, ceann de na flóraí is saibhre sa Mheánmhuir aici, in ainneoin í a bheith beag; na póortha áitiúla de chaoirigh eireabail ramhair agus na gabhair áitiúla Machaira agus Pissouri, chomh maith le póortha eile a chuaigh in oiriúint go maith don aeráid áitiúil; an nós áitiúil maidir leis an táirge a chócaráil ag teocht ard ar feadh aga sonrach gan leá, lena dtáirgtear leibhéil arda de chomhdhúile ceimiceacha bunúsacha áirithe a chuidíonn le blas “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim” (lachtóin agus céatóin mheitile den chuid is mó) a chinneadh; filleadh tipiciúil an ghrutha, ar chuid den phróiseas táirgthe é, is rud é a dhealaíonn “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim” ó gach cáis eile; agus miontas na Cipire a chur leis, rud a thugann an chumhacht is saintréith don táirge deiridh.
- (39) De bhun dheighilt na gcumhachtaí idir an Coimisiún agus na Ballstáit a bhaineann leis an nós imeachta um chlárú na sonrúcháin geografach faoi Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ba cheart don Choimisiún a fhíorú nach bhfuil rian d'earráidí follasacha in iarratas ar leith, agus is iad na húdaráis inniúla náisiúnta, lena n-áirítear, más infheidhme, cúirteanna náisiúnta, is fearr atá in ann measúnú a dhéanamh ar mhionsonraí teicniúla iarratais ar leith sula ndéantar an t-iarratas ar chlárú a chur faoi bhráid an Choimisiúin.
- (40) Go dtí go n-athaontófar an Chipir, faoi Airteagal 1(1) de Phrótacal Uimh. 10 maidir leis an gCipir a ghabhann le hAcht Aontachais 2003, cuirtear ar fionraí cur i bhfeidhm an *acquis* i limistéir de Phoblacht na Cipire nach bhfeidhmíonn Rialtas Phoblacht na Cipire rialú éifeachtach orthu. Dá réir sin, ní fhéadfar Rialtas na Cipire a chur faoi dhliteanas as aon iarmhairt a thagann as gan maoriseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais sna limistéir sin. De bhun Airteagal 3 den Phrótacal sin, níl aon ní a choisceadh bearta lena gcuirtear chun cinn forbairt eacnamaíoch na limistéar sin. Ní dhéanfaidh bearta den sórt sin difear do chur i bhfeidhm an *acquis* faoi na coinníollacha a leagtar amach sa Chonradh Aontachais in aon chuid eile de Phoblacht na Cipire. Féadfar meitheal ón dá phobal a chur le chéile i ndáil le “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim” ós rud é gur léiríodh ón taithí go mbíonn ról tábhachtach ag grúpaí den sórt sin.
- (41) Laistigh den chreat sin, ós rud é gur gnéithe atá i gcoiteann ag oileán iomlán na Cipire go hoibiachtúil, go traidisiúnta agus go stairiúil iad na gnéithe nádúrtha agus daonna a bhaineann le táirgeadh “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim”, ba cheart oileán iomlán na Cipire a bheith san áireamh agus limistéar geografach incháilithe na cáise sin á theormharcáil.
- (42) Dá réir sin, chun gur féidir limistéar geografach iomlán tháirgeadh na cáise sin a chumhdach sa chlárú, agus aird á tabhairt ar cheanglas Airteagal 46(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ba cheart d'oibreoírí atá toilteanach cloí le sonraíocht na cáise sin a bheith in ann é sin a dhéanamh gan bacainní ar rannpháirtíocht a bheith rompu a bheadh idirdhealaitheach nó nach mbeadh bonn oibiachtúil leo ar bhealach eile. Ba cheart sásra rialaithe éifeachtach marthanach, i gcomhréir le hAirteagal 35 go 40 den Rialachán sin, lena n-áiritheofar go gcomhlíonfaidh oibreoírí

an tsonraíocht táirge ar fud an limistéir gheografaigh incháilithe a leagan síos dá bhrí sin. Ag coinneáil i gcuimhne go bhfuil an *acquis* ar fionraí sna limistéir nach bhfuil rialú éifeachtach á fheidhmiú iontu ag Rialtas Phoblacht na Cipire, ba cheart socrú inoibrithe a bhunú go heisceachtúil agus go sealadach go dtí go n-athaontófar an Chipir, chun ráthaíocht a thabhairt go bhféadfar rialuithe a fheidhmiú go héifeachtúil ar fud an oileáin, toisc gur foras le haghaidh cealú a bheadh ann dá n-uireasa i gcomhréir le hAirteagal 54 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

- (43) Le hAirteagal 37(1)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 déantar foráil maidir le sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint go bhféadfadh comhlachtaí tarmlichte mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3(5) de Rialachán (AE) Uimh. 2017/625 fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh na sonraíochta táirge, sula gcuirtear an táirge ar an margadh. Is daoine dlítheanacha ar leithligh iad comhlachtaí tarmlichte ar tarmligeadh cúraimí áirithe rialaithe oifigiúla chucu. Laistigh den chreat sin agus i gcomhréir leis an gComhthuisicint, agus mar gheall ar an staid eisceachtúil i limistéir de Phoblacht na Cipire ina bhfuil cur i bhfeidhm an *acquis* curtha ar fionraí iontu chomh maith, is iomchuí gurb é an comhlacht Bureau Veritas, comhlacht a bhfuil creidiúnú idirnáisiúnta aige, a cheapadh ina chomhlacht a bheidh i gceannas ar na cúraimí rialaithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 i leith na sonraíochta “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim” ar fud na Cipire. Clárófar “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim”, mar atá beartaithe faoin gComhthuisicint, ar choinníoll go ndéanfar na cúraimí rialaithe a tharmligean chuig Bureau Veritas i gcomhréir le hAirteagal 28 agus 29 de Rialachán (AE) 2017/625. Go deimhin, tá saineolas suntasach, le himeacht fada blianta, faighte ag Bureau Veritas maidir le STFCanna a sheiceáil, agus tá sé in ann a áirithiú go mbunófar sásra foriomlán éifeachtach, oibiachtúil agus neamhchlaonta chun na rialuithe oifigiúla a bhaineann le fíorú ar chomhlíonadh shonraíochta táirge “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim” a fheidhmiú ar fud na Cipire ar leibhéal na bhfeirmeacha, muilte beatha, an bhailithe bainne, an iompair agus na monarchan cáise. Dá bhrí sin, bheadh gach táirgeoir ar fud an oileáin faoi réir ag sásra rialaithe comhchoiteann lena n-áiritheofar comhlíontacht iomlán le sonraíochta táirge “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim”. Dá measfaí gurb iomchuí, ba cheart Bureau Veritas a údarú chun dul i gcomhairle leis an gComhlachas Tionscail Turcach Cipireach. Dá ndéanadh Bureau Veritas cásanna neamhchomhlíontachta a thuiriscíú agus mura ndéanadh na táirgeoirí lena mbaineann na cásanna neamhchomhlíontachta sin a réiteach, ba cheart an ceart chun an t-ainm a úsáid a bhaint díobh i ndeireadh thiar.
- (44) Mar gheall ar an staid eisceachtúil i limistéir de Phoblacht na Cipire ina bhfuil cur i bhfeidhm an *acquis* curtha ar fionraí iontu, ba cheart don toscaireacht chuig Bureau Veritas foráil a dhéanamh maidir lena tuarascálacha a sheoladh chuig údarais inniúla Phoblacht na Cipire agus chuig an gCoimisiún. Gheobhaidh an Comhlachas Tionscail Turcach Cipireach faisnéis nuair a mheastar gurb iomchuí sin.
- (45) Bíonn cearta maoine intleachtúla á rialú ag prionsabal na críochachta. Mar thoradh air sin, maidir le clárú “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim” mar STFC laistigh den Aontas tá sé faoi réir na staid atá i réim ann agus faoina réir sin amháin. Maidir le táirgeadh agus cur ar an margadh cáise a bhfuil an t-ainm sin air a d’fhéadfaí a dhéanamh i dtríú tíortha, níl aon bhaint aige maidir leis sin. Ar an gcaoi chéanna, níl aon bhaint le hábhar ag caighdeáin rialála táirgeachta a d’fhéadfaí a bheith ann le haghaidh na cáise sin lasmuigh den Aontas.
- (46) Ba cheart a thabhairt le fios freisin, i gcomhréir le hAirteagal 2(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, go bhféadfar “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim” a chur ar an margadh ar choinníoll go gclóítear le forálacha sonracha ábhartha eile an Aontais is infheidhme, lena n-áirítear go gcomhlíontar forálacha sláintíochta is infheidhme ar leibhéal an Aontais.
- (47) Níor cuireadh aon fhianaise láidir ar fáil sa nós imeachta freasúra a mhéid a bhaineann le hallmhairiú cáise den sórt sin ó thríú tíortha isteach san Aontas. Mar thoradh air sin, níl aon fhoras ann chun idirthréimhse faoi Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 a dheonú do tháirgeoirí sonracha i dtríú tíortha.
- (48) Níl aon cheist faoi ach go bhfuil an Chipir ar an táirgeoir agus ar an onnmhaireoir is mó, go mór, den cháis sin ar fud an domhain, agus í ag táirgeadh os cionn 19 500 tona in aghaidh na bliana, sin 24.4 kg per capita. Níl san áireamh sna figiúirí sin an táirgeadh i limistéir Phoblacht na Cipire nach bhfuil rialú éifeachtach á fheidhmiú ag Rialtas Phoblacht na Cipire iontu.

- (49) Cláraíodh “Halloumi” mar thrádmharc in 2000 le OHIM i ndáil leis an gcáis a dhéantar sa Chipir de bhun chaighdeán ábhartha na Cipire a glacadh in 1985, rud a fhágann go bhfuil sé i gcomhréir leis an tsonraíocht “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim”. Taisceadh freasúra amháin i gcoinne an chláraithe sin os comhair OHIM, ach tarraingíodh siar ina dhiaidh sin é. Dá bhrí sin, ní dhearnadh agóid i gcoinne chéannacht Chipireach na cáise sin ag an am sin. Rinne an Chúirt Ghinearálta breith freisin, go háirithe i ndáil leis na cásanna uamtha T-292/14 agus T-293/14 <sup>(5)</sup>, go dtagraíonn “HALLOUMI” agus “ΧΑΛΛΟΥΜΙ” do shaincháis ón gCipir. I gcás T-535/10 <sup>(6)</sup>, chinn an Chúirt Ghinearálta go bhfuil an téarma Gréigise “Halloumi” le haistriú sa Tuircis mar “Hellim”, dá bhrí sin tagraíonn an dá théarma don cháis speisialta Chipireach chéanna. I ndáil le trádmharcanna eile atá cláraithe san Aontas, dá mbeidís i gcoinbhleacht leis an sonrúchán “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim”, bheadh feidhm ag forálacha Airteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012. Os a choinne sin, níor cuireadh aon ghné ar aird ag na freasúraithe a d’fhágfaí “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim” gan chosaint i ngeall ar chláir nó cáil trádmhairc chláraithe roimhe sin.
- (50) Bhí an Ríocht Aontaithe ina Ballstát den Aontas Eorpach nuair a thaisc sí an freasúra agus ní cuid de a thuilleadh í.
- (51) De réir an ráitis freasúra réasúnaithe a chuir an Ríocht Aontaithe isteach timpeall 300 tona in aghaidh na bliana a bhí ina táirgeacht intíre, sin 0,00461 kg per capita, agus san am céanna allmhairíonn an Ríocht Aontaithe thart ar 6 500 tona den cháis sin ón gCipir in aghaidh na bliana.
- (52) De réir an ráitis réasúnaithe sin, chuirfeadh clárú “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim” mar shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint faoi Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 cosc dá bhrí sin ar úsáid an ainm “Halloumi”/“Hellim” le haghaidh táirgí cáise arna dtáirgeadh sa Ríocht Aontaithe.
- (53) Cé is moite de Thuaisceart Éireann, áfach, níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le críoch na Ríochta Aontaithe toisc nach leathnófaí cosaint an ainm chuici. Maidir le Tuaisceart Éireann go háirithe, a mbeidh feidhm ag cosaint an ainm ar a chríoch, i bhfianaise na faisnéise atá san áireamh sa ráiteas freasúra réasúnaithe a chuir an Ríocht Aontaithe faoi bhráid an Choimisiúin agus an chomhthéacs fíorasach agus dlíthiúil a bhaineann le húsáid an ainm “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim”, níl aon fhoras réasúnta ann le go leanfadh oibreoirí ar aghaidh den ainm “Halloumi”/“Hellim” a úsáid le haghaidh táirgí cáise a tháirgtear sa Ríocht Aontaithe.
- (54) Maidir leis an ngné chineálach a mhaítear a bheith ag “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim”, ba cheart a shonrú maidir leis an dearcadh i leith an téarma seo lasmuigh den Aontas Eorpach agus caighdeáin ghaolmhara rialála don táirgeadh nó cinní breithiúnacha arna nglacadh i dtríú tíortha a d’fhéadfadh a bheith ann nach meastar an dearcadh sin a bheith ábhartha i dtaca leis an gcinneadh seo.
- (55) D’ainneoin mhaímh na bhfreasúraithe, ní cineál cáise é “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim” a tháirgtear ar fud na hEorpa a bhfuil ainm cineálach anois air. Is táirgeadh diomaibhseach é táirgeadh na cáise seo lasmuigh den Chipir, agus san am céanna tá an táirge ar eolas agus á ithe i dtromlach chríoch an Aontais. Níl aon ghníomh náisiúnta ná Aontais lenar bunaíodh gné chineálach an ainm “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim”. Ní dhearnadh aon mhaíomh le haghaidh gné chineálach an ainm faoi chuimsiú an nós imeachta freasúra a rinneadh ar leibhéal an Aontais, cé is moite den fhreasúra ón Ríocht Aontaithe.
- (56) Ar an gcaoi chéanna, baineann tomhaltas “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim” laistigh de chríoch an Aontais i bhformhór mór na gcásanna le cáis a tháirgtear sa Chipir.
- (57) Lena chois sin léirigh údarais na Cipire go diongbháilte nach measann tomhaltóirí an Aontais nach bhfuil in “Halloumi” nó “Hellim” ach cineál cáise agus sin amháin, nach bhfuil aon nasc aige le tionscnamh sonrath geografach. An fhianaise a sholáthair na páirtithe leasmhara i dtionscal an bhia, na gníomhaíochtaí onmhairiúcháin ag cuideachtaí Cipireacha le breis agus 100 bliain, an iliomad alt sna meáin agus gníomhaíochtaí promóisin/fógraíochta is léiriú thar aon amhras iad ar chéannacht intreach Chipireach na cáise sin leis na céadta blianta. Chomh maith céanna, dearbhaíonn ciclipéidí agus foclóirí mór le rá ó thíortha éagsúla agus i dteangacha éagsúla an seasamh sin agus an comhghaol eisiach idir an cháis sin agus *terroir* na Cipire.

<sup>(5)</sup> Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta (an Ceathrú Dlísheomra) an 7 Deireadh Fómhair 2015 i gcásanna uamtha T-292/14 agus T-293/14 Poblacht na Cipire v an Oifig um Chomhchuíbhiú sa Mhargadh Inmheánach (Trádmharcanna agus Dearaí).

<sup>(6)</sup> Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta (an tOchtú Dlísheomra) an 13 Meitheamh 2012 i gcás T-535/10 Organismos Kyriakís Galaktokomikís Viomichanías v an Oifig um Chomhchuíbhiú sa Mhargadh Inmheánach (Trádmharcanna agus Dearaí).

- (58) Mar a tharlaíonn, tagraíonn líon áirithe lipéad “Halloumi”/“Hellim” a tháirgtear lasmuigh den Chipir go díreach nó go hindíreach don Chipir, trína thabhairt le fios go ndearnadh an cháis de réir oideas traidisiúnta nó traidisiún Cipireach nó go bhfuil sí faoi thionchar ag an oideas nó ag an traidisiún sin, nó trí íomhánna nó léiriú téacsach a úsáid a nascann le cultúr na Cipire í. An comhghaolú sin a dhéantar leis an gCipir, bíodh nach cáis Chipireach í, déantar í a mholadh agus a lorg d’aon ghnó, dá bhrí sin, mar chuid de straitéis díolacháin a bhaineann leas as clú an táirge bunaidh, rud a fhágann go bhféadfadh fíorbhaol a bheith ann go gcuirfí mearbhall ar chustaiméirí.
- (59) An ráiteas ó OHIM a bhaineann leis an ngné chineálach a mhaítear a bheith ag an ainm “Halloumi” a rinneadh i gcintí éagsúla den Bhord Achomhairc, agus go háirithe i gCinneadh an 20 Meán Fómhair 2010 agus a chuir an Chúirt Ghinearálta ar neamhní (<sup>7</sup>), níl ann ach *obiter dictum*. Tá an ráiteas sin ag teacht salach ar an mbreithiúnas ón gCúirt Ghinearálta i gcás T-535/10, cás a thugann achoimre ar chéannacht Chipireach na cáise dá ngairtear “Halloumi” nó “Hellim”, agus ní théann sé i ngleic le gné chineálach an ainm de réir bhrí Airteagal 41 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012. Thairis sin, rinneadh an ráiteas sin sular cuireadh isteach an t-iartras chun an t-ainm “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim” a chlárú mar STFC.
- (60) I litir uathí an 9 Iúil 2014, chuir an Chipir in iúl don Choimisiún gur deonaíodh idirthréimhse 10 mbliana amhail ón dáta a cuireadh an t-iartras faoi bhráid an Choimisiúin, le cinneadh Uimh. 326/2014 ó Aireacht Talmhaíochta, Forbartha Tuaithe agus Comhshaoil Phoblacht na Cipire an 9 Iúil 2014, d’oibreoirí atá bunaithe sa limistéar geografach a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.
- (61) Chun am leordhóthanach a thabhairt don chomhlacht atá i gceannas ar na cúraimí rialaithe, agus na srianta breise a tháinig i gceist de bharr phaindéim COVID-19 á gcur san áireamh chomh maith, lena phlean rialaithe a chur ar bun agus a chur chun feidhme, plean ar trína bhíthin a fhéadfar na hoibreoírí uile sa limistéar geografach, atá toilteanach cloí le rialacha na scéime, a chumhdach leis an gcóras fíorúcháin is infheidhme, ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar go dtí 1 Deireadh Fómhair 2021.
- (62) Ba cheart an t-ainm “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim” a chlárú dá bhrí sin sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint.
- (63) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Beartas Cáilíochta Táirgí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### Airteagal 1

Tá an t-ainm “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim” (STFC) cláraithe anois.

Leis an ainm dá dtagraítear sa chéad mhír sainaitnítear táirge as Aicme 1.3. Cáiseanna a leagtar amach in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún (<sup>8</sup>).

#### Airteagal 2

Beidh an chosaint don ainm “Χαλλούμι” (Halloumi)/“Hellim” (STFC) faoi réir ag an idirthréimhse 10 mbliana a dheonaigh an Chipir, faoi Chinneadh Uimh. 326/2014 Aireacht Talmhaíochta, Forbartha Tuaithe agus Comhshaoil Phoblacht na Cipire an 9 Iúil 2014, do na hoibreoírí atá bunaithe sa limistéar geografach a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

#### Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(<sup>7</sup>) Cinneadh ón gceathrú bord achomhairc de chuid OHIM an 20 Meán Fómhair 2010 (cás R 1497/2009-4), arna neamhniú le breithiúnas na Cúirte Ghinearálta (an tOchtú Dlísheomra) an 13 Meitheamh 2012 i gcás T-535/10

(<sup>8</sup>) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 179, 19.6.2014, lch. 36).

Beidh feidhm aige ón 1 Deireadh Fómhair 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Aibreán 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2021/592 ÓN gCOMHAIRLE

an 7 Aibreán 2021

**maidir le togra a thíolacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, chun clóirpireafos a liostú in Iarscríbhinn A a ghabhann le Coinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 14 Deireadh Fómhair 2004, trí bhíthin Chinneadh 2006/507/CE ón gComhairle rinne an Comhphobal Eorpach Coinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha (“an Coinbhinsiún”) a fhorghabháil<sup>(1)</sup>.
- (2) Ina cháil mar Pháirtí sa Choinbhinsiún, tá an tAontas in ann tograí a thíolacadh chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú. Liostaítear in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ceimiceáin atá le díothú.
- (3) De réir na faisnéise eolaíche agus na dtuarascálacha athbhreithnithe atá ar fáil, agus aird chuí á tabhairt ar na critéir scagtha a leagtar amach in Iarscríbhinn D a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, baineann saintréithe truailléáin orgánaigh mharthanaigh le clóirpireafos.
- (4) Níl clóirpireafos formheasta mar shubstaint ghníomhach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>(2)</sup> agus, dá bhrí sin, ní cheadaítear é a chur ar an margadh ná a úsáid san Aontas i dtáirgí cosanta plandaí. Freisin, níl clóirpireafos formheasta mar shubstaint ghníomhach de bhun Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>(3)</sup> agus, dá bhrí sin, ní cheadaítear é a chur ar an margadh ná a úsáid san Aontas i dtáirgí bithicídeacha. Ina theannta sin, níl clóirpireafos cláraithe le haghaidh aon úsáid eile i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>(4)</sup> agus, dá bhrí sin, ní cheadaítear é a mhonarú ná a chur ar an margadh san Aontas le haghaidh na húsáide eile sin i gcainníochtaí arb ionann iad agus 1 tona amháin nó níos mó in aghaidh na bliana in aghaidh an mhonaróra nó an allmhaireora.
- (5) Cé go bhfuil deireadh curtha le húsáid chlóirpireafos san Aontas de réir a chéile, is cosúil go bhfuil sé fós in úsáid mar loitnaicíd agus go scaiptear é sa chomhshaoil lasmuigh den Aontas. De bharr an phoitéinsil atá ann d'iompar comhshaoil fadraoin an chlóirpireafos, ní leor na bearta a ghlactar go náisiúnta ná ar leibhéal an Aontais chun an t-ardleibhéal cosanta don chomhshaoil agus do shláinte an duine a chosaint. Tá gá le gníomhaíocht idirnáisiúnta is leithne dá bhrí sin.
- (6) Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas togra a thíolacadh chuig Rúnaíocht an Choinbhinsiúin chun clóirpireafos a liostú in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún,

<sup>(1)</sup> Cinneadh 2006/507/CE ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 2004 a bhaineann le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, Choinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha (IO L 209, 31.7.2006, lch. 1).

<sup>(2)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lch. 1).

<sup>(4)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Teoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Tíolacfaidh an tAontas togra chun clóirpireafos a liostú (Uimh. CAS: 2921-88-2, Uimh. CE 220-864-4) in Iarscríbhinn A a ghabhann le Coinbhinsiún Stóicólm ar Thruaileáin Orgánacha Mharthanacha.

Déanfaidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, an togra dá dtagraítear sa chéad fhomhír a chur in iúl do Rúnaíocht an Choinbhinsiúin leis an bhfaisnéis go léir a cheanglaítear faoi Iarscríbhinn D a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an lá a ghlacfar é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 7 Aibreán 2021.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. P. ZACARIAS

---

**CINNEADH (AE) 2021/593 ÓN gCOMHAIRLE****an 9 Aibreán 2021****mairir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Eorpach um ullmhú caighdeán i réimse na loingseoireachta intíre agus sa Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin mairir le caighdeán a ghlacadh i ndáil le seirbhísí faisnéise tráchta abhann comhchuibhithe**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An Coinbhinsiún Athbhreithnithe mairir le Loingseoireacht ar an Réin, coinbhinsiún a síníodh in Mannheim an 17 Deireadh Fómhair 1868, arna leasú leis an gCoinbhinsiún lena leasaítear an Coinbhinsiún Athbhreithnithe mairir le Loingseoireacht ar an Réin, a síníodh in Strasbourg an 20 Samhain 1963, tháinig sé i bhfeidhm an 14 Aibreán 1967 (“an Coinbhinsiún”).
- (2) Faoin gCoinbhinsiún, féadfaidh an Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin (“CCNR”) a chreat rialála a bhaineann le seirbhísí faisnéise tráchta abhann (“RIS”) a mhodhnú trí thagairt a dhéanamh do na caighdeán arna nglacadh ag an gCoiste Eorpach um ullmhú caighdeán i réimse na loingseoireachta intíre (“CESNI”) agus trí na caighdeán sin a dhéanamh éigeantach faoi chuimsiú chur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin.
- (3) Bunaíodh CESNI an 3 Meitheamh 2015 faoi chuimsiú CCNR chun caighdeán theicniúla a fhorbairt le haghaidh uiscebhealaí intíre i réimsí éagsúla, go háirithe a mhéid a bhaineann le soithí, teicneolaíocht faisnéise agus criú.
- (4) Is é is aidhm do ghníomhaíocht ón Aontas in earnáil na loingseoireachta intíre an aonfhoirmeacht a áirithiú i bhforbairt sonraíochtaí teicniúla a chuirtear i bhfeidhm san Aontas, go háirithe a mhéid a bhaineann le RIS.
- (5) Chun críoch iompair éifeachtúil agus loingseoireachta sábháilte ar uiscebhealaí intíre, tá sé tábhachtach comhoiriúnacht a bheith ann idir RIS agus iad a bheith chomh comhchuibhithe agus is féidir faoi réimeanna dlíthiúla difriúla ar fud na hEorpa.
- (6) Táthar ag súil go nglacfaidh CESNI an Caighdeán Eorpach - Seirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann 2021/1 (“ES-RIS 2021/1”) ag an chéad chruinniú eile a bheidh aige an 15 Aibreán 2021.
- (7) Le ES-RIS 2021/1, leagtar síos sonraíochtaí teicniúla aonfhoirmeacha agus caighdeán theicniúla aonfhoirmeacha chun tacú le RIS agus chun idir-inoibritheacht na seirbhísí sin a áirithiú. Na sonraíochtaí teicniúla agus na caighdeán faoi ES-RIS 2021/1, comhfhreagraíonn siad do na sonraíochtaí teicniúla agus na caighdeán sin nach mór a ghlacadh de réir Threoir 2005/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup>, go háirithe sna réimsí seo a leanas: córais taispeána cairteacha leictreonacha agus faisnéise um loingseoireacht intíre; tuairisciú leictreonach long; fógraí do scipéirí; córais rianaithe agus lorgaireachta soithí agus comhoiriúnacht an trealaimh is gá chun RIS a úsáid.
- (8) I dtaca le sonraíochtaí teicniúla mairir le RIS, is sonraíochtaí iad atá bunaithe ar na prionsabail theicniúla a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2005/44/CE agus cuirtear san áireamh leo an obair a dhéanann eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha sa réimse sin.

<sup>(1)</sup> Treoir 2005/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 mairir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann comhchuibhithe (RIS) ar uiscebhealaí intíre sa Chomhphobal (IO L 255, 30.9.2005, lch. 152).



- (9) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in CESNI a bhunú, ós rud é go mbeidh caighdeán ES-RIS 2021/1 in ann tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar dhlí an Aontais, eadhon na sonraíochtaí teicniúla ceangailteacha a glacadh faoi chuimsiú Threoir 2005/44/CE.
- (10) Táthar ag súil go nglacfaidh CCNR, ag an chruinniú iomlánach a bheidh aige an 2 Meitheamh 2021, rún lena leasófar Rialacháin CCNR chun tagairt do ES-RIS 2021/1 a áireamh ann. Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in CCNR a bhunú chomh maith.
- (11) Ní chomhalta de CCNR ná de CESNI é an tAontas. Dá bhrí sin, ba cheart do ba Ballstáit, ar comhaltaí de na comhlachtaí sin iad, seasamh an Aontais a chur in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leasanna an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in CESNI maidir le ES-RIS 2021/1 a ghlacadh, aontú lena ghlacadh.
2. Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in CESNI, tacú leis na tograí uile lena ndéantar Rialacháin CCNR a ailíniú le ES-RIS 2021/1.

*Airteagal 2*

1. Is iad na Ballstáit atá ina gcomhaltaí de CESNI a dhéanfaidh an seasamh a leagtar amach in Airteagal 1(1) a chur in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leasanna an Aontais.
2. Is iad na Ballstáit atá ina gcomhaltaí de CCNR a dhéanfaidh an seasamh a leagtar amach in Airteagal 1(2) a chur in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leasanna an Aontais.

*Airteagal 3*

Féadfar teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe teicniúla ar na seasaimh a leagtar amach in Airteagal 1 gan cinneadh dá éis sin ón gComhairle.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9 Aibreán 2021.

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
A. P. ZACARIAS

---

**CINNEADH (AE) 2021/594 ÓN gCOMHAIRLE****an 9 Aibreán 2021****mairir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpach sa Choiste Eorpach um ullmhú caighdeán i réimse na loingseoireachta intíre agus sa Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin mairir le caighdeán a ghlacadh i ndáil le cáilíochtaí gairmiúla i réimse na loingseoireachta intíre**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpach, agus go háirithe Airteagal 91(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An Coinbhinsiún Athbhreithnithe mairir le Loingseoireacht ar an Réin, coinbhinsiún a síníodh in Mannheim an 17 Deireadh Fómhair 1868, arna leasú leis an gCoinbhinsiún lena leasaítear an Coinbhinsiún Athbhreithnithe mairir le Loingseoireacht ar an Réin, a síníodh i Strasbourg an 20 Samhain 1963, tháinig sé i bhfeidhm an 14 Aibreán 1967 (“an Coinbhinsiún”).
- (2) De bhun Airteagal 17 den Choinbhinsiún, féadfaidh an Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin (“CCNR”) ceanglais a ghlacadh i réimse na gcáilíochtaí gairmiúla.
- (3) Bunaíodh an Coiste Eorpach um ullmhú caighdeán i réimse na loingseoireachta intíre (“CESNI”) an 3 Meitheamh 2015 faoi chuimsiú CCNR chun caighdeán theicniúla a fhorbairt le haghaidh uiscebhealaí intíre i réimsí éagsúla, go háirithe mairir le soithí, teicneolaíocht faisnéise agus criú.
- (4) Táthar ag súil go nglacfaidh CESNI, ag an chéad chruinniú eile a bheidh aige an 15 Aibreán 2021, caighdeán mairir le bunoilúint sábháilteachta le haghaidh mairnéalaigh deice lena leagtar síos ceanglais oiliúna a d’fhéadfadh Ballstáit a leanúint mar a gceanglais náisiúnta (“caighdeán CESNI 20\_04”) agus caighdeán mairir le frásaí cumarsáide caighdeánaithe i gceithre theanga chun go bhféadfaidh bádóirí agus máistrí báid dul i ngleic le cásanna ina mbeadh fadhbanna cumarsáide (“caighdeán CESNI 20\_39”). Tá sé d’aidhm ag caighdeán CESNI 20\_04 agus ag caighdeán 20\_39, cur chun feidhme na gceanglas a thagann faoi raon feidhme Threoir (AE) 2017/2397 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup> a éascú.
- (5) Táthar ag súil go nglacfaidh CCNR rún ag a seisiún iomlánach an 2 Meitheamh 2021, lena leasófar na Rialacháin mairir le Pearsanra i mbun Loingseoireacht ar an Réin chun tagairt do Chaighdeán Eorpacha mairir le Cáilíochtaí i réimse na Loingseoireachta Intíre (“caighdeán ES-QIN”) a áireamh ann, lena n-áirítear caighdeán CESNI 20\_04 agus caighdeán CESNI 20\_39.
- (6) Is é is aidhm do chaighdeán CESNI 20\_04 agus do chaighdeán CESNI 20\_39, rannchuidiú leis an leibhéal is airde sábháilteachta a choinneáil ar bun i réimse na loingseoireachta intíre agus spreagfaí comhchuibhiú leo i gcomhthéacs Threoir (AE) 2017/2397.
- (7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in CESNI agus in CCNR a bhunú.
- (8) Ní chomhalta de CCNR ná de CESNI é an tAontas. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit, ar comhaltaí de na comhlachtaí sin iad, seasamh an Aontais a chur in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leasanna an Aontais,

<sup>(1)</sup> Treoir (AE) 2017/2397 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 mairir le cáilíochtaí gairmiúla sa loingseoireacht intíre a aithint agus lena n-aisghairtear Treoir 91/672/CEE agus Treoir 96/50/CE ón gComhairle (IO L 345, 27.12.2017, lch. 53).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de CESNI maidir le caighdeán CESNI 20\_04 agus caighdeán 20\_39 a ghlacadh, aontú le glacadh na gcaighdeán sin.
2. Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in CCNR maidir le rún a ghlacadh lena leasófar na Rialacháin maidir le Pearsanra i mbun Loingseoireachta ar an Réin chun go mbeidh tagairt ann do Chaighdeáin ES-QIN, lena n-áirítear caighdeán CESNI 20\_04 agus caighdeán CESNI 20\_39, tacú leis na togra uile lena ndéantar ceanglais na Rialachán maidir le Pearsanra i mbun Loingseoireachta ar an Réin a ailíniú le caighdeáin ES-QIN.

*Airteagal 2*

1. Is iad na Ballstáit atá ina gcomhaltaí de CESNI a dhéanfaidh an seasamh a leagtar amach in Airteagal 1(1) a chur in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leasanna an Aontais.
2. Is iad na Ballstáit atá ina gcomhaltaí de CCNR a dhéanfaidh an seasamh a leagtar amach in Airteagal 1(2) a chur in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leasanna an Aontais.

*Airteagal 3*

Féadfar teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe teicniúla ar na seasaimh a leagtar amach in Airteagal 1 gan cinneadh dá éis sin ón gComhairle.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9 Aibreán 2021.

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
A. P. ZACARIAS

---

**CINNEADH (CBES) 2021/595 ÓN gCOMHAIRLE****an 12 Aibreán 2021****Iena leasaítear Cinneadh 2011/235/CBES maidir le bearta sriantacha atá dírithe i gcoinne daoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin**

Tá Comhairle an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 12 Aibreán 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/235/CBES <sup>(1)</sup>.
- (2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2011/235/CBES, measann an Chomhairle gur cheart na bearta sriantacha a leagtar amach ann a athnuachan go dtí an 13 Aibreán 2022.
- (3) Tá duine amháin a ainmnítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/235/CBES éagtha, agus ba cheart a iontráil siúd a bhaint den Iarscríbhinn sin. Chinn an Chomhairle freisin gur cheart na hiontrálacha a bhaineann le 34 duine agus le heintiteas amháin san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/235/CBES a nuashonrú.
- (4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2011/235/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh 2011/235/CBES mar a leanas:

- (1) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:  
'2. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 13 Aibreán 2022. Déanfar athbhreithniú leanúnach air. Déanfar é a athnuachan, nó a leasú de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh a chuspóirí. ';
- (2) leasaítear an Iarscríbhinn mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Aibreán 2021.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. P. ZACARIAS

---

<sup>(1)</sup> Cinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle an 12 Aibreán 2011 maidir le bearta sriantacha atá dírithe i gcoinne daoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin (IO L 100, 14.4.2011, lch. 51).

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/235/CBES (“Liosta na ndaoine agus na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2”) mar a leanas:

- (1) scriostar iontráil 16 (maidir le HADDAD Hassan (dá ngairtear Hassan ZAREH DEHNAVI freisin) sa liosta dar teideal “Daoine”;
- (2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na n-iontrálacha a bhaineann leis an 34 duine agus leis an eintiteas amháin seo a leanas:

## Daoine

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
“1.	AHMADI- MOQADDAM Esmail	Áit bhreithe: Tehran (an Iaráin) Dáta breithe: 1961 Inscne: fireann	Iar-Chomhairleoir Sinsearach Gnóthaí Slándála do Cheannaire Armed Forces General Staff. Ceannaire Phóilíní Náisiúnta na hIaráine ó 2005 go dtí go luath in 2015. Chomh maith leis sin, bhí sé ina Cheannaire ar Chibearphóilíní na hIaráine (liostaithe) ó mhí Eanáir 2011 go dtí go luath in 2015. Bhí fórsaí faoina cheannas chun tosaigh in ionsaithe brúidiúla a rinneadh ar agóidí síochánta, chomh maith le hionsaí foréigneach istoíche ar shuanliosanna Ollscoil Tehran an 15 Meitheamh 2009. Iar-cheannaire ar Cheanncheathrú na hIaráine ag tacú le Muintir Éimin.	12.4.2011
4.	FAZLI Ali	Inscne: fireann Teideal: Briogáidire-Ghinearál	Iar-cheannaire Imam Hossein Cadet College (ó 2018 go dtí mí an Mheithimh 2020). Iar-leas-Cheannasaí Basij (2009-2018), Ceann Seyyed al-Shohada Corps de chuid IRGC, Cúige Tehran (go dtí mí Feabhra 2010). Tá Seyyed al-Shohada Corps i gceannas ar shlándáil i gCúige Tehran agus bhí ról lárnach aige sa chur faoi chois brúidiúil a rinneadh ar agóideoirí in 2009.	12.4.2011
8.	MOTLAGH Bahram Hosseini	Inscne: fireann	Ball d’fhoireann teagaisc Ollscoil Imam Hossein (Caomhnóirí na Réabhlóide). Iar-cheannaire ar Army Command and General Staff College (DAFOOS). Iar-Cheann Seyyed al-Shohada Corps de chuid IRGC, Cúige Tehran. Bhí ról tábhachtach ag Seyyed al-Shohada Corps maidir leis an gcur faoi chois a rinneadh ar na hagóidí in 2009 a eagrú.	12.4.2011
11.	RAJABZADEH Azizollah	Inscne: fireann	Ceannasaí Urban Order Headquarters ó 2014 i leith. Iar-Cheann Tehran Disaster Mitigation Organisation (2010-2013). Mar Cheann phóilíní Tehran go dtí mí Eanáir 2010, bhí sé freagrach as ionsaithe foréigneacha póilíní ar agóideoirí agus ar mhic léinn. Mar Cheannasaí Law Enforcement Forces in the Greater Tehran, ba é an t-ardoifigeach ba thábhachtaí a cuisíodh i gcás mí-úsáidí in Kahrizak Detention Centre i mí na Nollag 2009.	12.4.2011

15.	DORRI-NADJAFABADI Ghorban-Ali	Áit bhreithe: Najafabad (an Iaráin) Dáta breithe: 3.12.1950 Inscne: fireann	Comhalta de Assembly of Experts agus ionadaí an Supreme Leader i gCúige Markazi ('Central') agus Ceann an Supreme Administrative Court. Ionchúisitheoir Ginearálta na hIaráine go dtí mí Mheán Fómhair 2009, chomh maith le hiar-Aire Faisnéise faoi Uachtaránacht Khatami. Mar Ionchúisitheoir Ginearálta na hIaráine, d'ordaigh sé agus rinne sé maoirsiú ar na seóthrialacha tar éis na chéad agóidí i ndiaidh an toghcháin, inar diúltaíodh cearta agus rochtain ar atur nae do na cúisithe.	12.4.2011
19.	JAFARI- DOLATABADI Abbas	Áit bhreithe: Yazd (an Iaráin) Dáta breithe: 1953 Inscne: fireann	Comhairleoir do Supreme Disciplinary Court na mbreithiúna ó 29 Aibreán 2019. Iar-Ionchúisitheoir Ginearálta Tehran (mí Lúnasa 2009-mí Aibreán 2019). Chúisigh oifig Dolatabadi líon mór agóideoirí, lena n-áirítear daoine a ghlac páirt in agóidí Lá Ashura i mí na Nollag 2009. D'ordaigh sé go ndúnfaí oifig Karroubi i mí Mheán Fómhair 2009 agus go ngabfaí roinnt polaiteoirí leasaitheacha, agus chuir sé cosc ar dhá pháirtípholaitiúla leasaitheacha i mí an Mheithimh 2010. Rinne a oifig agóideoirí a chúiseamh i leith 'Muharebeh', nó naimhdeas i gcoinne Dé, lena ngabhann pionós an bháis, agus dhiúltaigh sé próis chúí dóibh siúd a raibh pionós á bhagairt orthu. Chomh maith leis sin, dhírigh a oifig ar leasaitheoirí, ar ghníomhaithe ar son chearta an duine, agus ar bhail na meán, mar chuid de chniogbheartaíocht leathan ar an bhfreasúra polaitiúil.  I mí Dheireadh Fómhair 2018 d'fhógair sé do na meáin go ndéanfaí ceathrar gníomhaithe ar son an chomhshaoil ón Iaráin a coinníodh a chúiseamh i leith 'an t-éilliú a chur chun cinn ar domhan', ar cúiseamh é lena ghabhann pionós an bháis.	12.4.2011
21.	MOHSENI-EJEI Gholam-Hossein	Áit bhreithe: Ejiyeh (an Iaráin) Dáta breithe: thart ar 1956 Inscne: fireann	Comhalta den Expediency Council. Ionchúisitheoir Ginearálta na hIaráine ó Mheán Fómhair 2009 go dtí 2014. Iar-Leas-Cheann agus urlabhraí na mBreithiúna. Iar-Aire Faisnéise le linn toghcháin 2009. Fad a bhí sé ina Aire Faisnéise le linn an toghcháin in 2009, bhí gníomhairí faisnéise faoina cheannas freagrach as coinneáil, céasadh agus admhálacha bréagacha faoi bhrú a fháil ó na céadta gníomhaithe, iriseoirí, easaontacha agus polaiteoirí leasaitheacha. Ina theannta sin, cuireadh iallach ar fhigiúirí polaitiúla admhálacha bréagacha a dhéanamh faoi cheistiúcháin dhofhulaingthe lenar áiríodh céasadh, mí-úsáid, dúmhál agus bagairt a chur ar a muintir.	12.4.2011
22.	MORTAZAVI Said	Áit bhreithe: Meybod (an Iaráin) Dáta breithe: 1967 Inscne: fireann	Ceann an Chórais Leasa ó 2011 go 2013. Ionchúisitheoir Ginearálta Tehran go dtí mí Lúnasa 2009. Mar Ionchúisitheoir Ginearálta Tehran, d'eisigh sé ordú ginearálta a úsáideadh chun na céadta gníomhaithe, iriseoirí agus mac léinn a choinneáil. I mí Eanáir 2010, cuireadh an fhreagracht dhíreach air, in imscrúdú	12.4.2011

			<p>parlaiminteach, as triúr príosúnach a choinneáil a fuair bás i gcoimeád ina dhiaidh sin. Cuireadh ar fionraí óna oifig é i mí Lúnasa 2010 tar éis imscrúdú ag breithiúna na hIaráine ar an ról a bhí aige maidir le bás an triúr fear a bhí á gcoinneáil ar a orduithe tar éis an toghcháin.</p> <p>I mí na Samhna 2014, d'aithin údarais na hIaráine go hoifigiúil an ról a bhí aige i mbás cimí. Fuair cúirt na hIaráine neamhchiontach é an 19 Lúnasa 2015, sna cúisimh a bhain le céasadh agus bás triúr fear óg in Kahrizak Detention Centre in 2009. Daoradh chun príosúin in 2017 agus scaoileadh saor é i Meán Fómhair 2019.</p>	
27.	ZARGAR Ahmad	Inscne: fireann	<p>Breitheamh ag an Supreme Court agus Ceannaire ar Tehran Revolutionary Court. Ceann 'Organization for the Preservation of Morality'. Iar-bhreitheamh ag an 2ú brainse de Special Economic Corruption Court. Iar-bhreitheamh, Tehran Appeals Court, Brainse 36.</p> <p>Dheimhnigh sé barántais príosúnachta fhadtéarmacha agus barántais bháis i gcoinne agóideoirí.</p>	12.4.2011
33.	ABBASZADEH- MESHKINI, Mahmoud	Inscne: fireann	<p>Feisire Parlaiminte ó mhí Feabhra 2020 i leith. Iar-chomhairleoir do High Council for Human Rights na hIaráine (go dtí 2019). Iar-rúnaí don High Council for Human Rights. Iarghobharnóir i gCúige Ilam. Iarstiúrthóir polaitiúil na hAireachta Gnóthaí Baile. Mar Cheann ar Article 10 Committee of the Law on Activities of Political Parties and Groups, bhí sé i gceannas ar léirsithe agus imeachtaí poiblí eile a údarú agus páirtithe polaitiúla a chlárú.</p> <p>Sa bhliain 2010, chuir sé gníomhaíochtaí dhá pháirtí pholaitiúla leasaitheacha a bhí nasctha le Mousavi – Islamic Iran Participation Front agus Islamic Revolution Mujahedeen Organisation - ar fionraí. Ó 2009 ar aghaidh, tá toirmeasc comhsheasmhach, leanúnach á chur aige ar na cruinnithe neamhrialtasacha go léir, rud a shéanann ceart bunreachtúil chun agóid a dhéanamh agus gabhadh go leor léirsitheoirí síochánta dá bharr sin, de shárú ar an gceart chun saoirse comhthionóil.</p> <p>In 2009, dhiúltaigh sé freisin cead don fhreasúra searmanas a eagrú chun brón a dhéanamh ar dhaoine a maraíodh le linn agóidí de bharr thoghcháin an Uachtaráin.</p>	10.10.2011
34.	AKBARSHAHI Ali-Reza	Inscne: fireann	<p>Iar-Ard-Stiúrthóir Drug Control Headquarters na hIaráine (ar a dtugtar freisin: Anti-Narcotics Headquarters). Iar-Cheannasaí ar Phóilíní Tehran. Faoina cheannaireacht, bhí an fórsa póilíneachta freagrach as fórsa seachbhreithiúnach a úsáid ar amhrastaigh le linn gabhála agus coinneála</p>	10.10.2011

			réamhthrialach. Bhí póilíní Tehran luaite le ruathair ar shuanliosanna ollscoil Tehran i mí an Mheithimh 2009 freisin, tráth a raibh breis agus 100 mac léinn gortaithe ag na póilíní agus Basiji de réir Choimisiún Majlis na hIaráine. Ceann na bpóilíní iarnróid go dtí 2018.	
36.	AVAAE Seyyed Ali-Reza (ar a dtugtar freisin: AVAAE Seyyed Alireza, AVAIE Alireza)	Áit bhreithe: Dezfúl (an Iaráin) Dáta breithe: 20.05.1956 Inscne: fireann	An tAire Dlí agus Cirt. Iar-Stiúrthóir na hoifige imscrúduithe speisialta. Go dtí Iúil 2016, Leas-Aire Gnóthaí Baile agus Ceann an Chláir Phoiblí. Comhairleoir don Chúirt Araíonachta do Bhreithiúna ó Aibreán 2014. Iar-Uachtarán na mBreithiúna in Tehran. Ina cháil mar Uachtarán na mBreithiúna in Tehran, bhí sé freagrach as sárúithe ar chearta an duine, as gabhála treallacha, as diúltú do chearta na bpríosúnach agus as líon ard básuithé.	10.10.2011
39.	GANJI Mostafa Barzegar	Inscne: fireann	Ard-Stiúrthóir ar Inspection Supervision and Performance Evaluation of Courts ó mhí an Mheithimh 2020. Iar-Ionchúisitheoir Ginearálta Qom (2008-2017) agus iar-cheannaire ar ard-stiúrthóireacht na bpríosún. Bhí sé freagrach as na dosaenacha ciontóirí a choinneáil go treallach agus as drochíde a thabhairt dóibh i Qom. Bhí sé deacair sárú tromchúiseach a dhéanamh ar an gceart chun próise cuí, ag cur le húsáid iomarcach agus mhéadaitheach phionós an bháis agus méadú mór ar líon na ndaoine a cuireadh chun báis in 2009/2010.	10.10.2011
40.	HABIBI Mohammad Reza	Inscne: fireann	Príomh-Bhreitheamh Isfahan. Iar-Ard-Aighne Isfahan. Iar-Cheann Oifig Aireacht Dlí agus Cirt in Yazd. Iar-Leas-Ionchúisitheoir Isfahan. Comhpháirteach in imeachtaí ina ndiúltaítear triail chóir do chosantóirí – amháil Abdollah Fathi, a cuireadh chun báis i mí na Bealtaine 2011 tar éis do Habibi neamhaird a thabhairt ar a cheart chun éisteacht a fháil agus ar shaincheisteanna meabhairshláinte le linn a thrialach i mí an Mhárta 2010. Bhí sé, dá bhrí sin, comhpháirteach i sárú tromchúiseach ar an gceart chun próise cuí, ag cur leis an méadú ard básuithé in 2011.	10.10.2011
41.	HEJAZI Mohammad	Áit bhreithe: Isfahan (an Iaráin) Dáta breithe: 1956 Inscne: fireann	Leas-Cheannasaí ar Fhórsa Quds IRGC ó 2020 i leith mar thoradh ar atheagrú an tslabhra ceannais tar éis mharú an Ghinearáil Qasem Soleimani. Mar IRGC-General, bhí ról lárnach aige in imeaglú agus i mbagairt a dhéanamh ar 'naimhde' na hIaráine. Iar-Cheann ar IRGC Sarollah Corps IRGC in Tehran agus ina iar-Cheann ar Basij Forces, ról lárnach aige i gcníogbheartaíocht iarthoghcháin na n-ágóideoirí in 2009.	10.10.2011



44.	JAZAYERI Massoud	Inscne: fireann Teideal: Briogáidire-Ghinearál	Comhairleoir cultúir do Chomhcheann Foirne Fórsaí Armtha na hIaráine ó mhí Aibreáin 2018 i leith. Mar chuid d'fhoireann chomhpháirteach mhíleata Fhórsaí Armtha na hIaráine, ba é Briogáidire-Ghinearál Massoud Jazayeri an Leas-Cheann Foirne i ngnóthaí cultúrtha agus na meán (ar a dtugtar freisin Ceanncheathrú Poiblíochta agus Cosanta Stáit). Chomhoibrigh sé go gníomhach leis an gcur faoi chois a rinneadh ar agóideoirí in 2009 mar Leas-Cheannaire Foirne. Thug sé rabhadh in agallamh Kayhan gur aithníodh go leor agóideoirí laistigh agus lasmuigh den Iaráin agus go ndéileálfai leo ag an am ceart.  D'iarr sé go hoscailte go gcuirfí deireadh leis na mórmheáin chumarsáide eachtracha agus le freasúra na hIaráine. In 2010, d'iarr sé ar an rialtas dlíthe níos déine a rith i gcoinne mhuintir na hIaráine a chomhoibríonn le foinsí na meán cumarsáide eachtracha.	10.10.2011
45.	JOKAR Mohammad Saleh	Áit bhreithe: Yazd (an Iaráin) Dáta breithe: 1957 Inscne: fireann	Feisire Parlaiminte do Chúige Yazd. Iar-Ionadaí do Ghnóthaí Parlaiminteacha na Revolutionary Guards. On mbliain 2011 go 2016, bhí sé ina ionadaí parlaiminteach le haghaidh Cúige Yazd agus ina Chomhalta den Choiste Parlaiminteach um Shlándáil Náisiúnta agus Beartas Eachtrach. Iar-Cheannasaí ar Student Basij Forces. Sa ról sin, ghlac sé páirt gníomhach i gcur faoi chois agóidí agus síolteagasc leanaí agus daoine óga d'fhonn leanúint den tsaoirse cainte agus den easaontú a chloí. Mar Chomhalta den Choiste Parlaiminteach um Shlándáil Náisiúnta agus Beartas Eachtrach, thacaigh sé go poiblí le cur in aghaidh an rialtais a chur faoi chois.	10.10.2011
46.	KAMALIAN Behrouz (dá ngairtear Hackers Brain, Behrooz_Ice freisin)	Áit bhreithe: Tehran (an Iaráin) Dáta breithe: 1983 Inscne: fireann	Ceannaire ar an gcibearghrúpa 'Ashiyaneh' a bhfuil nasc aige le réimeas na hIaráine. Tá 'Ashiyaneh' Digital Security', arna bhunú ag Behrouz Kamalian, freagrach as dian-chibirionsaithe ar an lucht freasúra intíre, ar leasaitheoirí intíre agus ar institiúidí eachtracha. Chuidigh obair 'Ashiyaneh' (eagraíocht Kamalian) le cniogbheartaíocht an réimis i gcoinne an fhreasúra a raibh go leor sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine i gceist léi in 2009. Lean Kamalian agus an cibearghrúpa 'Ashiyaneh' dá gcuid gníomhaíochtaí go dtí Eanáir 2020 ar a laghad.	10.10.2011
47.	KHALILOLLAHI Moussa (dá ngairtear KHALILOLLAHI Mousa, ELAHI Mousa Khalil freisin)	Áit bhreithe: Tabriz (an Iaráin) Dáta breithe: 1963 Inscne: fireann	Ionchúisitheoir Tabriz ó 2010 go 2019. Bhí baint aige le cás Sakineh Mohammadi-Ashtiani agus bhí sé comhpháirteach i sárúithe tromchúiseacha ar an gceart chun próisea cuí.	10.10.2011

48.	MAHSOULI Sadeq (dá ngairtear MAHSULI Sadeq freisin)	Áit bhreithe: Oroumieh (an Iaráin) Dáta breithe: 1959/1960 Inscne: fireann	Leas-Ardrúnaí an Paydari Front (Front of Islamic Stability). Iar-Chomhairleoir don Iar-Uachtarán Mahmoud Ahmadinejad, iar-chomhalta den Expediency Council agus iar-Leas-Cheann an Perseverance Front. An tAire Leasa agus Slándála Sóisialta idir 2009 agus 2011. An tAire Gnóthaí Baile go dtí mí Lúnasa 2009. Mar Aire Gnóthaí Baile, bhí údarás ag Mahsouli ar na fórsaí póilíneachta, ar ghníomhairí slándála na haireachta inmheánaí agus ar na gníomhairí i ngnáthéadaí. Bhí na fórsaí a bhí faoina stiúir freagrach as ionsaithe ar shuanliosanna in Ollscoil Tehran an 14 Meitheamh 2009 agus céasadh mac léinn in íoslach na hAireachta (leibhéal 4 den íoslach iomráiteach). Rinneadh mí-úsáid thromchúiseach ar agóideoirí eile in Ionad Coinneála Kahrizak, a bhí á fheidhniú ag póilíní faoi rialú Mahsouli.	10.10.2011
53.	TALA Hossein (dá ngairtear TALA Hosseyn freisin)	Áit bhreithe: Tehran (an Iaráin) Dáta breithe: 1969 Inscne: fireann	Méara Eslamshahr. Iar-MP san Iaráin. Iar-Ard-Ghobharnóir ('Farmandar') i gCúige Tehran go dtí mí Mheán Fómhair 2010, bhí sé freagrach as gníomhú na bhfórsaí póilíneachta agus dá bhrí sin as léirsithe a chur faoi chois. Fuair sé duais i mí na Nollag 2010 mar gheall ar a ról sa chur faoi chois tar éis an toghcháin.	10.10.2011
54.	TAMADDON Morteza (dá ngairtear TAMADON Morteza freisin)	Áit bhreithe: Shahr Kord-Isfahan (an Iaráin) Dáta breithe: 1959 Inscne: fireann	Iar-Cheann ar Tehran provincial Public Security Council. Iar-Ard-Ghobharnóir IRGC i gCúige Tehran. Ina cháil mar Ghobharnóir agus mar Cheannaire ar Tehran provincial Public Security Council, bhí sé freagrach go foriomlán as na gníomhaíochtaí diansmachtúla go léir a rinne IRGC i gCúige Tehran, lena n-áirítear cniobheartaíocht a dhéanamh ar agóidí polaitiúla ó mhí an Mheithimh 2009 i leith. Comhalta boird faoi láthair in Ollscoil Teicneolaíochta Khajeh Nasireddin Tusi.	10.10.2011
60.	HOSSEINI Dr Mohammad (dá ngairtear HOSSEYNI, Dr Seyyed Mohammad; Seyed, Sayyed agus Sayyid freisin)	Áit bhreithe: Rafsanjan, Kerman (an Iaráin) Dáta breithe: 23.7.1961 Inscne: fireann	Comhairleoir don Iar-Uachtarán Mahmoud Ahmadinejad agus urlabhraí don fhaicsean docht polaitiúil YEKTA. An tAire Cultúir agus Treoraíochta Ioslamáí (2009-2013). Iar-bhall den IRGC, bhí sé comhpháirteach i gcur faoi chois iriseoirí.	10.10.2011
63.	TAGHIPOUR Reza	Áit bhreithe: Maragheh (an Iaráin) Dáta breithe: 1957 Inscne: fireann	Comhalta de 11ú parlaimint na hIaráine (toghcheantar Tehran). Comhalta den Supreme Cyberspace Council. Iar-chomhalta Chomhairle Cathrach Teheran. Iar-Aire Faisnéise agus Cumarsáide (2009-2012).	23.3.2012

			Ina cháil mar Aire Faisnéise, bhí sé ar dhuine de na hoifigigh ba shinsearaí a bhí i gceannas ar an gcinsireacht agus ar ghníomhaíochtaí idirlín agus ar gach cineál cumarsáide a rialú (go háirithe fóin phóca). Baineann na ceistitheoirí úsáid as sonraí pearsanta, post agus cumarsáid na gcoinneálaithe agus na gcoinneálaithe polaitiúla á gceistiú. Cuireadh bac ar línte móibíleacha agus teachtaireachtaí téacs, cuireadh isteach ar chainéil teilifíse satailíte agus cuireadh an t-idirlíon ar fionraí go háitiúil nó cuireadh moill air ar a laghad ar bith roinnt uaireanta le linn léirsithe sráide tar éis thoghchán uachtaránachta 2009.	
65.	LARIJANI Sadeq	Áit bhreithe: Najaf (an Iaráic) Dáta breithe: 1960 nó mí Lúnasa 1961 Inscne: fireann	Ainmnithe ina Cheann ar an Expediency Council an 29 Nollaig 2018. Iar-Cheann na mBreithiúna (2009-2019). Ceanglaítear ar Cheann na mBreithiúna toiliú a thabhairt do gach pionós qisas (cúiteamh), hodoud (coireanna i gcoinne Dé) agus ta'zirat (coireanna i gcoinne an stáit) agus iad a fhaomhadh. Airítear leis sin pianbhreitheanna lena ngearrtar pionós an bháis, lascadh agus teascadh. I ndáil leis sin, tá séala curtha aige le roinnt pianbhreitheanna phionós an bháis, rud a sháraíonn caighdeáin idirnáisiúnta, lena n-áirítear bású le clocha, bású trí thachtadh (crochadh), ógánaigh a chur chun báis, agus básuithe poiblí amhail bású príosúnach a crochadh de dhroichid os comhair na mílte. Bhí baint aige, dá bhrí sin, le líon mór básuithe. Ina theannta sin, cheadaigh sé pianbhreitheanna pionóis coirp amhail teascadh agus aigéad a shileadh isteach i súile an duine a chiontaítear. Ó tháinig Sadeq Larijani i réim, tá méadú suntasach tagtha ar líon na bpríosúnach polaitiúil, na gcosantóirí ar chearta an duine agus na ndaoine ó mhionlaigh a bheith á ngabháil go treallach. Tá Sadeq Larijani freagrach as teipeanna sistéamacha i bpróiseas breithiúnach na hIaráine i ndáil leis an gceart chun triail chóir a fháil.	23.3.2012
66.	MIRHEJAZI Ali	Inscne: fireann	Ar dhuine de chiorcal inmheánach an Cheannaire Uachtaraigh, ar dhuine de na daoine a bhí freagrach as cur faoi chois agóidí a phleanáil, rud atá á chur chun feidhme ó 2009 agus baint aige leo siúd atá freagrach as agóidí a chur faoi chois.  Bhí sé freagrach freisin as cosc a chur le corraíl phoiblí i mí na Nollag 2017/2018 agus i mí na Samhna 2019.	23.3.2012
67.	SAEEDI Ali	Inscne: fireann	Ceann bhiúró idé-eolaíochta polaitiúil an Supreme Leader. Iar-Ionadaí an Supreme Leader do Pasdaran (1995 -2020) tar éis a ghairm ar fad a chaitheamh in institiúid an airm agus, go sonrath, i seirbhís faisnéise Pasdaran. De bharr an róil oifigiúil sin, bhí sé ar dhuine de na príomhdhaoine ag tarchur orduithe ó Oifig an Supreme Leader chuig fearas cur faoi chois Pasdaran.	23.3.2012

69.	MORTAZAVI Seyyed Solat	Áit bhreithe: Farsan, Tchar Mahal-o-Bakhtiari (Theas) - (an Iaráin) Dáta breithe: 1967 Inscne: fireann	Ón 16 Meán Fómhair 2019, ceann bhrairse eastáit réadaigh an Mostazafan Foundation, atá á reáchtáil go díreach ag an Supreme Leader Khamenei. Stiúthóir ar chraobh Tehran den Fhionúireacht Astan Qods Razavi, go dtí mí na Samhna 2019. Iarmhéara Mashhad, an dara cathair is mó san Iaráin, áit a dtarlaíonn básuithe poiblí go rialta. Iar-Leas-Aire Gnóthaí Baile le freagracht as gnóthaí polaitiúla, a ceapadh in 2009. Ina cháil sin, bhí sé freagrach as daoine a labhair amach mar chosaint ar a gcearta dlísteanaigh, lena n-áirítear saoirse chun tuairimí a nochtadh, a chur faoi chois. Ina dhiaidh sin, ceapadh é ina Cheann ar Choiste Toghcháin na hIaráine do thoghcháin pharlaiminteacha in 2012 agus do na toghcháin uachtaránachta in 2013.	23.3.2012
73.	FARHADI Ali	Inscne: fireann	Leas-Cheann na Cigireachta um Ghnóthaí Dlíthiúla agus um Iniúchadh Poiblí in Aireacht Dlí agus Cirt Tehran. Iar-ionchúisitheoir Karaj. Freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear cásanna cúirte inar tugadh pionós an bháis. Tharla líon ard básuithe i réigiún Karaj le linn a thréimhse mar ionchúisitheoir.	23.3.2012
79.	RASHIDI AGHDAM Ali Ashraf	Inscne: fireann	Iarcheannaire Phríosún Evin. (2012-2015). Tháinig meath ar dhálaí sa phríosún, le linn a théarma, agus rinneadh tagairt do dhrochíde níos déine a bheith á tabhairt do phríosúnaigh. I mí Dheireadh Fómhair 2012, chuaigh naonúr príosúnach baineann ar stailc ocras mar agóid i gcoinne shárú a gceart agus i gcoinne na cóireála foréigní ó ghardaí príosúin.	12.3.2013
82.	SARAFRAZ Mohammad (Dr.) (dá ngairtear Haj-agma Sarafraz freisin)	Áit bhreithe: Tehran (an Iaráin) Dáta breithe: thart ar 1963 Áit chónaithe: Tehran Inscne: fireann	Iarchomhalta den Supreme Cyberspace Council. An tIar-Uachtarán ar Islamic Republic of Iran Broadcasting (IRIB) (2014-2016). Iar-Cheann IRIB World Service agus Press TV, freagrach as gach cinneadh maidir le clársceidealú. Tá dlúthbhaint aige le fearas slándála an stáit. Faoina cheannaireacht, d'oibrigh Press TV, in éineacht le IRIB, i gcomhar le seirbhísí slándála agus le hionchúisitheoirí na hIaráine chun admhálacha éigeantacha ó choinneálaithe a chraoladh, lena n-áirítear admháil ón iriseoir agus scannánóir Iaránach-Cheanadach Maziar Bahari sa chlár seachtainiúil 'Iran Today'. Ghearr an rialtóir craolacháin neamhspleách OFCOM fineáil GBP 100 000 ar Press TV as admháil Bahari a chraoladh in 2011, a scannánaíodh sa phríosún agus Bahari faoi éigeantas. Tá baint ag Sarafraz, dá bhrí sin, le sárú a dhéanamh ar an gceart chun próise cuí agus triail chóir a fháil.	12.3.2013

84.	EMADI, Hamid Reza (dá ngairtear Hamidreza Emadi freisin)	<p>Áit bhreithe: Hamedan (an Iaráin)</p> <p>Dáta breithe: thart ar 1973</p> <p>Áit chónaithe: Tehran</p> <p>Áit oibre: Ceanncheathrú Press TV, Tehran</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Stiúrthóir an tSeomra Nuachta le Press TV. Iarléiritheoir sinsearach le Press TV.</p> <p>Freagrach as admhálacha éigeantacha ó choinneálaithe a léiriú agus a chraoladh, lena n-áirítear iriseoirí, gníomhaithe polaitiúla agus daoine ar de ghrúpaí mionlaigh Choirdíneacha agus Arabacha iad, lena sáraítear cearta a aithnítear go hidirnáisiúnta maidir le triail chóir agus próis chúí a fháil. Ghearr an rialtóir craolacháin neamhspleách OFCOM fineáil GBP 100 000 ar Press TV sa Ríocht Aontaithe as admháil éigeantach ón iriseoir agus scannánaíoir Iaránach-Cheanadach Maziar Bahari a chraoladh in 2011, a scannánaíodh sa phríosún agus Bahari faoi éigeantas. Tá sé tuairiscithe ag ENRanna gur tharla cásanna eile d'admhálacha éigeantacha a chraol Press TV. Tá baint ag Emadi, dá bhrí sin, le sárú a dhéanamh ar an gceart chun próise cúí agus triail chóir a fháil.</p>	12.3.2013
86.	MUSAVI-TABAR Seyyed Reza	<p>Áit bhreithe: Jahrom (an Iaráin)</p> <p>Dáta breithe: 1964</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Iarcheann na hOifige Ionchúisimh Réabhlóide Shiraz. Freagrach as gabháil mhídhleathach agus as drochíde a thabhairt do ghníomhaithe polaitiúla, d'iriseoirí, do chosantóirí chearta an duine, do lucht Baha'i agus do phríosúnaigh choinsiasa, a ndearnadh ciapadh, céasadh, diancheistiú orthu agus ar diúltaíodh rochtain ar dhlíodóirí agus ar phróis chúí dóibh. Shínigh Musavi-Tabar orduithe breithiúnacha sa Lárionad Coinneála Uimh. 100 (príosún fireann), a bhfuil míchlú air, lena n-áirítear ordú chun príosúnach baineann Baha'i Raha Sabet a choinneáil ar feadh trí bliana i ngaibhniú aonair.</p>	12.3.2013
87.	KHORAMABADI Abdolsamad	Inscne: fireann	<p>Leas-Stiúrthóir um Maoirseacht Bhreithiúnach (ón 13 Deireadh Fómhair 2018). Iarcheannaire an 'Commission to Determine the Instances of Criminal Content', eagraíocht rialtais atá i gceannas ar chinsireacht ar líne agus ar chibearchoireacht. Faoina cheannaireacht, shainigh an Coimisiún 'cibearchoireacht' le líon catagóirí doiléire lena ndéantar cruthú agus foilsíú ábhair a mheasann an réimeas a bheith míchuí a choiriúlú. Bhí sé freagrach as cur faoi chois agus as bac a chur ar go leor láithreán gréasáin de chuid an fhreasúra, ar nuachtáin leictreonacha, blaganna, láithreáin ghréasáin de chuid eagraíochtaí neamhrialtasacha um chearta an duine agus ar Google agus Gmail ó mhí Mheán Fómhair 2012. Bhí páirt ghníomhach aige féin agus ag an gCoimisiún i mbás an bhlagálaí Sattar Beheshti i mí na Samhna 2012 agus é faoi choinneáil. Dá bhrí sin, tá an Coimisiún a raibh sé mar cheannaire air freagrach go díreach as sárúithe sistéamacha ar chearta an duine, go háirithe trí rochtain an phobail i gcoitinne ar shuíomhanna gréasáin a thoirmeasc agus a scagadh agus, ó am go chéile, rochtain ar an idirlíon a dhíchumasú go hiomlán.</p>	12.3.2013";

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
"1.	Cibear-phóilíní	<p>Suíomh: Tehran (an Iaráin)</p> <p>Suíomh gréasáin:<a href="http://www.cyberpolice.ir">http://www. cyberpolice.ir</a></p>	<p>Is aonad é an Iranian Cyber Police, a bunaíodh in Eanáir 2011, den Islamic Republic of Iran Police, atá faoi cheannas Vahid Majid. Ón am a bunaíodh é go dtí go luath sa bhliain 2015 bhí sé faoi cheannas Esmail Ahmadi-Moqaddam (liostaithe). Chuir Ahmadi-Moqaddam i dtreis go rachadh an Cyber Police i ngleic le grúpaí frith-réabhlóideacha agus easaontacha a d'úsáid líonraí sóisialta idirlíon-bhunaithe in 2009 chun agóidí a spreagadh i gcoinne atoghadh an Uachtaráin Mahmoud Ahmadinejad. I mí Eanáir 2012, d'eisigh an Cyber Police treoirlínte nua do chaiféanna idirlín, lenar ceanglaíodh ar úsáideoirí faisnéis phearsanta a chur ar fáil a choinneadh úinéirí caifé ar feadh sé mhí, chomh maith le taifead de na suíomhanna gréasáin ar thug siad cuairt orthu. Ceanglaítear freisin leis na rialacha sin ar úinéirí caifé ceamaraí teilifíse ciorcaid iata a shuiteáil agus na taifeadtaí a choinneáil ar feadh sé mhí. Leis na rialacha nua sin, d'fhéadfaí logleabhar a chruthú a bhféadfadh na húdaráis úsáid a bhaint as chun gníomhaithe nó éinne a mheasfaí a bheith ina bhagairt don tslándáil náisiúnta a rianú.</p> <p>I mí an Mheithimh 2012, thuairiscigh meáin na hIaráine go mbeadh cniogbheartaíocht á seoladh ag an Cyber Police ar líonraí príobháideacha fíorúla (VPNanna). An 30 Deireadh Fómhair 2012, ghabh an Cyber Police an blagálaí Sattar Beheshti gan bharántas as 'ghníomhaíochtaí i gcoinne na slándála náisiúnta ar líonraí sóisialta agus Facebook'. Bhí rialtas na hIaráine cáinte ag Beheshti ina bhlag. Fuarthas Beheshti marbh ina chill phríosúin an 3 Samhain 2012, agus creidtear go ndearna údaráis an Cyber Police é a chéasadh chun báis. Tá an Cyber Police freagrach as Riarthóirí Ghrúpa Telegram iomadúla a ghabháil i dtaca leis na hagóidí ar fud na tíre i mí na Samhna 2019.</p>	12.3.2013".



ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)  
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)